BREITHIÚNAS NA CÚIRTE GINEARÁLTA (an Mór-Dhlísheomra)

10 Meán Fómhair 2025*

(Comhshaol – Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 – Tacsanomaíocht – Gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise agus fuinneamh núicléach – Cuimsiú i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe – Infheistíochtaí – Rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de i gcomhréir leis an gcuspóir 1.5 C de Chomhaontú Pháras – Glanastaíochtaí nialasacha faoi 2050 – Rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin – Airteagail 10 agus 11 de Rialachán (AE) 2020/852 – Coincheap 'gníomhaíocht ísealcharbóin' – Damáiste suntasach do chuspóirí comhshaoil – Rioscaí a bhaineann le tionóiscí tromchúiseacha imoibreora – Rioscaí gaolmhara dramhaíola radaighníomhaí ard-déine – Rioscaí a bhaineann le triomaigh agus guaiseacha aeráide – Prionsabal an réamhchúraim – Critéir scagtha theicniúla – Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa – Airteagal 290 CFAE – Coincheap 'eilimintí riachtanacha' gnímh reachtaigh – Fianaise eolaíoch – Sainrogha an Choimisiúin – Earráid fhollasach measúnaithe)

I gCás T-625/22,

Poblacht na hOstaire, arna hionadú ag A. Posch, M. Klamert agus F. Koppensteiner, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó S. Lünenbürger, K. Reiter agus M. Kottmann, Dlíodóirí,

iarratasóir,

le tacaíocht ó

Ard-Diúcacht Lucsamburg, arna hionadú ag A. Germeaux agus T. Schell, i gcáil Gníomhairí,

idiragraí,

v

an Coimisiún Eorpach, arna ionadú ag C. Ladenburger, R. Tricot, G. von Rintelin, C. Auvret agus B. De Meester, i gcáil Gníomhairí,

cosantóir,

le tacaíocht ó

Poblacht na Bulgáire, arna hionadú ag T. Mitova agus S. Ognianova Ruseva, i gcáil Gníomhairí,

ó

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

Poblacht na Seice, arna hionadú ag M. Smolek, J. Vláčil agus L. Dvořáková, i gcáil Gníomhairí,

ó

Poblacht na Fraince, arna hionadú ag T. Stéhelin, B. Fodda agus M. de Lisi, i gcáil Gníomhairí,

ó

an Ungáir, arna hionadú ag M. Fehér agus K. Szíjjártó, i gcáil Gníomhairí,

ó

Poblacht na Polainne, arna hionadú ag B. Majczyna, M. Rzotkiewicz agus K. Rudzińska, i gcáil Gníomhairí,

ó

an Rómáin, arna hionadú ag E. Gane, M. Chicu agus O.-C. Ichim, i gcáil Gníomhairí,

ó

Poblacht na Slóivéine, arna hionadú ag A. Grum agus B. Jovin Hrastnik, i gcáil Gníomhairí,

ó

Poblacht na Slóvaice, arna hionadú ag E. Larišová, i gcáil Gníomhaire,

agus ó

Poblacht na Fionlainne, arna hionadú ag H. Leppo, i gcáil Gníomhaire,

idiragraithe,

tugann AN CHÚIRT GHINEARÁLTA (an Mór-Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: M. van der Woude, Uachtarán, S. Papasavvas, A. Marcoulli, M. J. Costeira, O. Porchia, M. Kancheva, U. Öberg, G. De Baere, T. Pynnä, J. Laitenberger, G. Steinfatt, D. Petrlík, P. Zilgalvis (Rapóirtéir), E. Tichy-Fisslberger, agus L. Spangsberg Grønfeldt, Breithiúna,

Cláraitheoir: S. Jund, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

ag féachaint do bheart eagrúcháin nós imeachta an 10 Meán Fómhair 2024 agus don fhreagra ón gCoimisiún a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 30 Meán Fómhair 2024,

tar éis éisteacht an 21 agus an 22 Deireadh Fómhair 2024, inar chuir Poblacht na hOstaire barúlacha isteach maidir leis an bhfreagra sin,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Lena caingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann Poblacht na hOstaire go gcuirfí ar neamhní Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214 ón gCoimisiún an 9 Márta 2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha in earnálacha fuinnimh áirithe agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2178 a mhéid a bhaineann le nochtadh poiblí sonrach maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin (IO 2022 L 188, lch. 1, 'an Rialachán atá faoi chonspóid').

Cúlra na díospóide

2 An 18 Meitheamh 2020, ghlac Parlaimint na hEorpa agus Comhairle an Aontais Eorpaigh Rialachán (AE) 2020/852 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO 2020 L 198, lch. 13, 'an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht').

3 Leagtar síos in Airteagal 1(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht na critéir chun a chinneadh cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn gníomhaíocht eacnamaíoch mar ghníomhaíocht eacnamaíoch atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun críocha inbhuanaitheacht comhshaoil infheistíochta a chinneadh. De réir aithris 3 den Rialachán sin, is céim riachtanach é an Rialachán sin chun sreafaí airgeadais a dhíriú i dtreo gníomhaíochtaí inbhuanaithe chun Aontas Eorpach aeráidneodrach a bhaint amach faoi 2050.

4 Chuige sin, bunaítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, mar is léir ó aithrisí 6 agus 12 de, córas aicmithe aontaithe le haghaidh gníomhaíochtaí inbhuanaithe, lena gcomhchuibhítear ar leibhéal an Aontais na critéir chun a chinneadh an bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena dtugtar comhthuiscint d'infheisteoirí agus d'oibreoirí eacnamaíocha eile ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

5 An 4 Meitheamh 2021, ghlac an Coimisiún Eorpach Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 lena bhforlíontar an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nó le hoiriúnú don athrú aeráide agus chun a chinneadh cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch sin d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile (IO 2021 L 442, lch. 1).

6 An 9 Márta 2022, ghlac an Coimisiún an Rialachán atá faoi chonspóid, arb é is cuspóir dó, *inter alia*, critéir scagtha theicniúla a bhunú chun gníomhaíochtaí áirithe atá ábhartha in earnálacha an fhuinnimh núicléach agus an gháis iontaise a áireamh i gcatagóir na ngníomhaíochtaí a shainaithnítear mar ghníomhaíochtaí a rannchuidíonn go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide ar bhonn Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, agus sa chatagóir gníomhaíochtaí a shainaithnítear mar ghníomhaíochtaí a rannchuidíonn go substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide, ar bhonn Airteagal 11(3) den Rialachán sin ('na critéir scagtha theicniúla').

An t-ordú atá á lorg

7 Iarrann Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, ar an gCúirt Ghinearálta:

– an Rialachán atá faoi chonspóid a chur ar neamhní;

– a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

8 Iarrann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Fraince, ón Ungáir, ó Phoblacht na Polainne, ón Rómáin, ó Phoblacht na Slóivéine, ó Phoblacht na Slóvaice agus ó Phoblacht na Fionlainne, ar an gCúirt Ghinearálta:

– an chaingean a dhiúltú;

– a ordú do Phoblacht na hOstaire na costais a íoc.

An dlí lena mbaineann

9 Mar thaca lena caingean, maíonn Poblacht na hOstaire 16 shaincheist dlí.

10 Ar an gcéad dul síos, baineann an chéad ocht saincheist dlí le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le hearnáil an fhuinnimh núicléach.

11 Go háirithe, líomhnaítear leis an gcéad saincheist dlí gur sáraíodh rialacha nós imeachta an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht agus Airteagal 6(4) de Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 (‘An Dlí Aeráide Eorpach’) (IO 2021 L 243, lch. 1; ‘An Dlí Aeráide Eorpach’).

12 Líomhnaítear leis an dara saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 10(2) agus Airteagal 19(1)(f) agus (g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus prionsabal an réamhchúraim.

13 Líomhnaítear leis an tríú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 17 agus Airteagal 19(1)(f) agus (g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus prionsabal an réamhchúraim.

14 Líomhnaítear leis an gceathrú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht i bhfianaise na gcritéar scagtha teicniúil éagsúil, Airteagal 19(1)(f) den Rialachán sin agus phrionsabal an réamhchúraim.

15 Líomhnaítear leis an gcúigiú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 11 agus Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, agus prionsabal an réamhchúraim.

16 Líomhnaítear leis an séú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 19(1)(k) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

17 Líomhnaítear leis an seachtú saincheist dlí gur sáraíodh cuspóir agus éifeachtacht an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí an margadh a ilroinnt.

18 Líomhnaítear leis an ochtú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 290 CFAE.

19 Ar an dara dul síos, baineann na hocht saincheist dlí eile le gníomhaíochtaí eacnamaíocha maidir le hearnáil an gháis iontaise.

20 Go háirithe, líomhnaítear leis an naoú saincheist dlí gur sáraíodh forálacha nós imeachta an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht agus Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach.

21 Líomhnaítear leis an 10ú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 10(2) agus Airteagal 19(1)(f) agus (g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus prionsabal an réamhchúraim.

22 Líomhnaítear leis an 11ú saincheist dlí gur sáraíodh prionsabal na neodrachta teicneolaíche a leagtar síos in Airteagal 19(1)(a) agus (j) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus an toirmeasc ar idirdhealú.

23 Líomhnaítear leis an 12ú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 17 agus Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus prionsabal an réamhchúraim.

24 Líomhnaítear leis an 13ú saincheist dlí go ndearnadh sárú ar Airteagal 11 agus Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus ar phrionsabal an réamhchúraim.

25 Líomhnaítear leis an 14ú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 19(1)(i) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht sa mhéid go bhfuil baol ann go gcruthófar sócmhainní tréigthe má chuirtear gníomhaíochtaí gáis iontaise san áireamh sa tacsanomaíocht.

26 Líomhnaítear leis an 15ú saincheist dlí gur sáraíodh Airteagal 19(1)(k) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

27 Líomhnaítear leis an 16ú saincheist dlí gur sáraíodh cuspóir agus éifeachtacht an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht mar gheall ar an mbaol go ndéanfaí an margadh a ilroinnt.

28 Measann an Chúirt Ghinearálta gurb iomchuí scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, ar an gcéad agus ar an naoú saincheist dlí, i dteannta a chéile. Maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach, scrúdóidh an Chúirt Ghinearálta an 8ú agus an 10ú saincheist dlí, ansin an 3ú agus an 4ú saincheist dlí, i dteannta a chéile, agus, ar deireadh, an 5ú, an 6ú agus an 7ú saincheist dlí.

29 Maidir leis na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le hearnáil an gháis iontaise, measann an Chúirt Ghinearálta gurb iomchuí scrúdú a dhéanamh ar an 10ú saincheist dlí, agus ansin ar an 11ú go dtí an 16ú saincheist dlí.

Réamhbhreithnithe maidir le raon feidhme an athbhreithnithe bhreithiúnaigh

30 Áitíonn Poblacht na hOstaire, go bunúsach, go bhfuil na saincheisteanna dlí curtha ó bhail ag earráidí dlí i gcur i bhfeidhm agus léiriú an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht, agus mar thoradh air sin gur cheart don Chúirt Ghinearálta athbhreithniú breithiúnach iomlán a dhéanamh.

31 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na hargóinte sin.

32 Ba cheart a mheabhrú, i gcás ina bhfuil lánrogha leathan ag institiúid de chuid an Aontais, go háirithe i gcomhthéacs measúnuithe casta, nár chóir don athbhreithniú breithiúnach a chaithfidh Cúirteanna an Aontais Eorpaigh a dhéanamh ar fhiúntas birt arna ghlacadh i bhfeidhmiú na lánrogha sin a measúnaithe féin a chur in ionad mheasúnú na hinstitiúide atá i gceist, ach nach mór di féachaint lena fháil amach nach bhfuil an beart sin bunaithe ar fhíorais mhíchearta ábhartha agus nach bhfuil sé curtha ó bhail ag aon earráid fhollasach measúnaithe nó mí-úsáid cumhachtaí (féach, chuige sin, breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *BCE* v *Crédit lyonnais*, C-389/21 P, EU:C:2023:368, mír 55 agus an cásdlí dá dtagraítear).

33 Ina theannta sin, i gcomhthéacs cumhacht tharmligthe de réir bhrí Airteagal 290 CFAE, tá lánrogha leathan ag an gCoimisiún, agus na cumhachtaí a thugtar dó á bhfeidhmiú aige, i gcás ina n-iarrtar air, *inter alia*, measúnuithe agus meastóireachtaí casta a dhéanamh (féach, chuige sin, breithiúnas an 11 Bealtaine 2017, *Dyson* v *an Coimisiún*, C-44/16 P, EU:C:2017:357, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear).

34 I ndáil leis sin, is cásdlí socair é nach mór do chúirteanna an Aontais Eorpaigh a shuí, *inter alia*, ní hamháin an bhfuil an fhianaise ar a bhfuiltear ag brath cruinn, iontaofa agus comhsheasmhach ó thaobh fíoras de, ach freisin an bhfuil an fhaisnéis go léir san fhianaise sin nach mór a chur san áireamh chun measúnú a dhéanamh ar chás casta agus an féidir léi bunús a thabhairt leis na conclúidí a baineadh aisti (féach breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *BCE* v *Crédit lyonnais*, C-389/21 P, EU:C:2023:368, mír 56 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 I gcás ina bhfuil lánrogha leathan ag institiúid, tá tábhacht bhunúsach ag baint le coimircí nós imeachta a urramú, lena n-áirítear an oibleagáid atá uirthi gnéithe ábhartha uile an cháis atá i gceist a scrúdú go cúramach agus go neamhchlaonta (féach breithiúnas an 4 Bealtaine 2023, *BCE* v *Crédit lyonnais*, C-389/21 P, EU:C:2023:368, mír 57 agus an cásdlí dá dtagraítear).

36 Ar an taobh eile, maidir le ceisteanna dlí, déanann an Chúirt Ghinearálta athbhreithniú iomlán, lena n-áirítear an léiriú nach mór a dhéanamh ar fhorálacha dlíthiúla ar bhonn tosca oibiachtúla agus fíorú an gcomhlíontar na coinníollacha chun foráil den sórt sin a chur i bhfeidhm (féach breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2024, *Sveza Verkhnyaya Sinyachikha agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-2/22, nár foilsíodh, EU:T:2024:615, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

37 Thairis sin, maidir leis an scrúdú, arna dhéanamh ag Cúirteanna an Aontais Eorpaigh, ar earráid fhollasach measúnaithe a bheith ann lena gcuirtear gníomh institiúide ó bhail, ní mór a shonrú, chun a shuí go ndearna an institiúid sin earráid fhollasach sa mheasúnú ar fhíorais chasta chun údar a thabhairt le neamhniú an ghnímh sin, nach mór an fhianaise a thug an t-iarratasóir ar aird a bheith leordhóthanach chun na measúnuithe fíorasacha a úsáidtear sa ghníomh sin a dhéanamh dochreidte (féach, de réir analaí, breithiúnais an 14 Meitheamh 2018, *Lubrizol France* v *an Chomhairle*, C-223/17 P, nár foilsíodh, EU:C:2018:442, mír 39; an 7 Bealtaine 2020, *BTB Holding Investments agus Duferco Participations Holding* v *an Coimisiún*, C-148/19 P, EU:C:2020:354, mír 72, agus an 17 Bealtaine 2018, *Bayer CropScience agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-429/13 agus T-451/13, EU:T:2018:280, mír 145).

38 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór scrúdú a dhéanamh ar na saincheisteanna dlí a d'ardaigh Poblacht na hOstaire.

An chéad agus an naoú saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar fhorálacha nós imeachta sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus ar Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach

39 Áitíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, go bunúsach, gur glacadh an Rialachán atá faoi chonspóid de shárú ar na forálacha nós imeachta a leagtar síos leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht chun gníomh tarmligthe a ghlacadh, go háirithe na forálacha sin a bhaineann le critéir scagtha theicniúla a bhunú, agus leis an gComhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO 2016 L 123, lch. 1, 'an Comhaontú Idirinstitiúideach'), agus de shárú ar cheanglais Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach.

40 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Fraince, ón Ungáir, ó Phoblacht na Polainne agus ón Rómáin, an argóint sin a dhíospóid.

41 Ba cheart a mheabhrú, de réir Airteagal 23(4) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, go bhfuil an Coimisiún leis an saineolas uile is gá a bhailiú, sula nglacfar agus le linn ullmhú na ngníomhartha tarmligthe, lena n-áirítear trí dhul i gcomhairle le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe ('Grúpa Saineolaithe na mBallstát') dá dtagraítear in Airteagal 24 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

42 Ina theannta sin, faoin bhforáil sin, sula nglacfar gníomh tarmligthe, gníomhóidh an Coimisiún i gcomhréir leis na prionsabail agus na nósanna imeachta a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach.

43 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, de réir Airteagal 10(4) agus Airteagal 11(4) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, sula nglacfar gníomh tarmligthe, go rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe ('an tArdán') dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht maidir leis na critéir scagtha theicniúla.

44 Thairis sin, de bhun Airteagal 24(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, cuirfidh Grúpa Saineolaithe na mBallstát comhairle ar an gCoimisiún maidir le hábharthacht na gcritéar scagtha teicniúil agus maidir leis an gcur chuige a ghlac an tArdán i ndáil le forbairt na gcritéar sin.

45 Sa chás seo, ba cheart a mheabhrú, d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh, go ndearna an Sainghrúpa Teicniúil um Maoiniú Inbhuanaithe ('TEG'), a bhunaigh an Coimisiún chun cúnamh a thabhairt dó an tacsanomaíocht a fhorbairt, moltaí maidir leis na critéir scagtha theicniúla a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuidíonn go substaintiúil leis an dá chuspóir comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9(a) agus (b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. D'fhoilsigh TEG dhá dhréachtleagan dá mholtaí ina thuarascálacha i mí na Nollag 2018 agus i mí an Mheithimh 2019. Bhí an dá thuarascáil ina n-ábhar do chomhairliúcháin phoiblí. Foilsíodh tuarascáil chríochnaitheach TEG i mí an Mhárta 2020, agus iarscríbhinn theicniúil ag gabháil léi.

46 Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an measúnú tionchair ar fáil go poiblí d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh i mí an Mhárta 2020, a bhféadfaí barúlacha a thabhairt ina leith go dtí deireadh mhí Aibreáin 2020. Ina theannta sin, foilsíodh dréacht-Rialachán Tarmligthe 2021/2139 ar an tairseach um Rialáil Níos Fearr ar feadh thréimhse 4 seachtaine chun fillteacha a fháil (ón 20 Samhain go dtí an 18 Nollaig 2020), rinne an tArdán meastóireacht air i mí na Nollag 2020 agus cuireadh faoi bhráid shaineolaithe na mBallstát é i roinnt cruinnithe de Ghrúpa

Saineolaithe na mBallstát idir mí na Nollag 2020 agus mí an Mhárta 2021. An 4 Meitheamh 2021, d'fhoilsigh an Coimisiún an Measúnú Tionchair d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 (SWD(2021) 152 final) a ghlacadh.

47 Thairis sin, d'fhonn an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh, i samhradh 2020, d'iarr an Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil (FISMA) sa Choimisiún ar an Airmheán Comhpháirteach Taighde ('JRC') tuilleadh obair theicniúil a dhéanamh ar an gcritéar, dá dtagraítear in Airteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, nár cheart, chun a mheas go bhfuil an ghníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, 'dochar suntasach' a dhéanamh do cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin ('critéar DNSH') maidir le fuinneamh núicléach, mar a mhol TEG. Scrúdaigh JRC an measúnú ar tháirgeadh fuinnimh núicléach in aghaidh chritéar DNSH agus éifeachtaí shaolré iomlán an fhuinnimh núicléach ar na tionchair iarbhír agus fhéideartha ar an gcomhshaol le haghaidh gach cuspóra á gcur san áireamh. An 19 Márta 2021, dhréachtaigh sé tuarascáil maidir le torthaí an athbhreithnithe chuimsithigh ('tuarascáil JRC'), agus déantar achoimre ar chonclúidí na tuarascála sin sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid.

48 Tar éis thuarascáil JRC, thug an grúpa saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31 de Chonradh Euratom tuairim, an 28 Meitheamh 2021, i bhfabhar thuarascáil JRC, mar a luaitear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid. An 29 Meitheamh 2021, d'eisigh an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte, Comhshaoil agus Rioscaí atá ag Teacht Chun Cinn ('CERSCRTCC') tuairim freisin maidir le conclúidí agus moltaí thuarascáil JRC.

49 Sa chéad áit, dar le Poblacht na hOstaire, contrártha le ceanglais an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh, go háirithe i míreanna 4 et seq. den iarscríbhinn a ghabhann leis, seoladh an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid as am, gan choinne (tráthnóna an 31 Nollaig 2021), le sprioc-am róghearr le haghaidh freagra (a chuaigh in éag ar dtús an 12 Eanáir 2022 agus ansin, tar éis síneadh gearr, an 21 Eanáir 2022). Dá bhrí sin, ní raibh dóthain ama ag na Ballstáit a mbarúlacha a ullmhú.

50 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, faoi phointe 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach, go rachfar i gcomhairle le saineolaithe na mBallstát in am trátha maidir le gach dréachtghníomh tarmligthe arna ullmhú ag seirbhísí an Choimisiúin.

51 Ina theannta sin, an 31 Nollaig 2021, tharchuir an Coimisiún an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid chuig an Ardán agus chuig Grúpa Saineolaithe na mBallstát.

52 D'fhoilsigh an t-ardán a aiseolas deiridh ar a shuíomh gréasáin an 24 Eanáir 2022.

53 An 10 Eanáir 2022, tionóladh cruinniú de ghrúpa saineolaithe na mBallstát, ar lena linn a bhí na Ballstáit in ann a mbarúlacha a chur isteach maidir leis an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid.

54 Tugadh go dtí an 26 Eanáir 2022 do Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát chun barúil a thabhairt ar aiseolas an Ardáin.

55 Ós rud é go raibh gníomhaíochtaí fuinnimh núicléach agus gníomhaíochtaí gáis iontaise faoi réir réamhanailísí cheana féin d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh, agus go bhfuil an cheist maidir le tionchar na ngníomhaíochtaí sin ar an gcomhshaol, atá ina hábhar don iliomad

saineolais atá ann cheana, amhail tuarascáil JRC agus tuairim an Ghrúpa Saineolaithe dar dáta an 28 Meitheamh 2021, dá dtagraítear in Airteagal 31 de Chonradh Euratom, nach tréimhse iomlán nua í, ní mór a thabhairt faoi deara gur tréimhse leordhóthanach barúlacha a bhí sa tréimhse 12 lá, ar cuireadh síneadh léi go 21 lá, a bhí ar fáil do Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát agus don Ardán chun a dtuairimí a thabhairt ina leith.

56 Is amhlaidh is mó fós ós rud é, ar an gcéad dul síos, go raibh eolas roimh ré ag na saineolaithe ar an ábhar, ós rud é go raibh barúlacha tugtha acu cheana féin, ag cruinniú i mí na Bealtaine 2020, maidir le moltaí TEG dá dtagraítear i mír 45 thuas agus, ar an taobh eile, níor mheas an tArdán ná Grúpa Saineolaithe na mBallstát nár leor an spriocdháta ar cuireadh síneadh leis.

57 Sa chomhthéacs sin, ní féidir an Coimisiún a cháineadh toisc gur tharchuir sé an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid an 31 Nollaig 2021, go háirithe ós rud é gur cuireadh síneadh go dtí an 21 Eanáir 2022 leis an tréimhse a deonaíodh do ghrúpa saineolaithe na mBallstát agus don Ardán chun a dtuairim a thabhairt maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe.

58 Murab ionann agus a áitíonn Poblacht na hOstaire, ní mór a mheas, dá bhrí sin, go ndeachthas i gcomhairle leis na Ballstáit in am trátha maidir leis an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid, i gcomhréir le pointe 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach.

59 Ní féidir an Coimisiún a cháineadh ach oiread as an dréacht-Rialachán atá faoi chonspóid a tharchur go comhuaineach chuig Grúpa Saineolaithe na mBallstát agus chuig an Ardán, ós rud é gur thug an Coimisiún deis do Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát a bharúlacha maidir le haiseolas an Ardáin a chur isteach. I ndáil leis sin, deonaíodh go dtí an 26 Eanáir 2022 do Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát barúil a thabhairt ar aiseolas an ardáin, a foilsíodh ar a shuíomh gréasáin an 24 Eanáir 2022, is é sin le rá, 2 lá roimhe sin.

60 Sa dara háit, áitíonn Poblacht na hOstaire nach raibh aon chruinniú le saineolaithe na mBallstát, ó nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le dul i muinín tuairim i scríbhinn a mhéid nach raibh leasú ar Rialachán Tarmligthe 2021/2139 sa Rialachán atá faoi chonspóid, ach ‘breisiú’ a bhaineann le saincheisteanna atá go hiomlán nua, go háirithe an sainmhíniú ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha agus critéir agus tairseacha atá go hiomlán nua a chinneadh, lena n-éilítear comhairliúchán nua leis na Ballstáit.

61 Mar sin féin, ní mór a thabhairt faoi deara gur tionóladh cruinniú fíorúil an 10 Eanáir 2022, agus mar thoradh air sin bhí cruinniú le saineolaithe na mBallstát maidir leis na gníomhaíochtaí a chumhdaítear leis an Rialachán atá faoi chonspóid. Thairis sin, ní chuireann an Comhaontú Idirinstitiúideach bac ar dhul i gcomhairle le saineolaithe trí nós imeachta i scríbhinn.

62 Ar an tríú dul síos, cáineann Poblacht na hOstaire, go bunúsach, gur shainigh an Coimisiún na critéir scagtha theicniúla gan comhairliúchán poiblí nua agus measúnú tionchair a dhéanamh tar éis na n-anailísí breise a rinneadh i dtuarascáil JRC.

63 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi phointe 13 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú tionchair ar a ghníomhartha tarmligthe ar dócha go mbeidh tionchar suntasach eacnamaíoch, comhshaoil nó sóisialta acu, agus go ndéanfaidh sé comhairliúcháin chomh leathan agus is féidir.

64 Mar sin féin, is léir ón gcásdlí nach leanann aon oibleagáid measúnú tionchair a dhéanamh ar rialacháin tharmligthe i ngach imthoisc ó fhoclaíocht phointí 12 go 15 den Chomhaontú Idirinstitiúideach (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnais an 3 Nollaig 2019, *Poblacht na Seice* v *an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-482/17, EU:C:2019:1035, míreanna 82 go 85, agus an 5 Iúil 2023, *TIB Chemicals* v *an Coimisiún*, T-639/20, nár foilsíodh, EU:T:2023:374, mír 206).

65 Thairis sin, faoi phointe 28 den Chomhaontú Idirinstitiúideach, geallann an Coimisiún, sula nglacfar gníomhartha tarmligthe, an t-eolas uile is gá a bhailiú, go háirithe trí dhul i gcomhairle le saineolaithe ó na Ballstáit agus trí chomhairliúcháin phoiblí a reáchtáil.

66 Luaitear i bpointe 6 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú Idirinstitiúideach, óna thaobh féin de, go bhféadfar comhairliúcháin le geallsealbhóirí a áireamh in ullmhú agus i dtarraingt suas gníomhartha tarmligthe, agus mar thoradh air sin nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún in aon chás comhairliúcháin phoiblí a dhéanamh.

67 Sa chás seo, mar is léir ó mhíreanna 45 agus 46 thuas, rinne an Coimisiún measúnú tionchair d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh agus ghlac TEG dhá thuarascáil maidir leis na critéir scagtha theicniúla a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a rannchuideodh go substaintiúil leis an dá chuspóir comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9(a) agus (b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Bhí an measúnú tionchair sin agus na tuarascálacha sin ina n-ábhar do chomhairliúcháin phoiblí. Ina theannta sin, rinneadh an measúnú tionchair agus na comhairliúcháin phoiblí sin cé go raibh sé beartaithe cheana critéir scagtha theicniúla a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach.

68 Thairis sin, luadh sa mheasúnú tionchair maidir le glacadh Rialachán Tarmligthe 2021/2139 (SWD(2021) 152 final), ar leathanach 23, gurbh é an rogha, a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach, leanúint den obair theicniúil ar chritéar DNSH.

69 Mar is léir ó aithris 3 den Rialachán atá faoi chonspóid, cuireadh bunú critéar scagtha teicniúil do na gníomhaíochtaí sin siar ina dhiaidh sin go dtí go mbeadh saineolas domhain acu.

70 Áiríodh cheana féin sna measúnuithe saineolaithe agus sna comhairliúcháin phoiblí, a rinneadh chun Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh, gníomhaíochtaí in earnáil an fhuinnimh núicléach, agus mar thoradh air sin tá an Rialachán atá faoi chonspóid mar chuid de leanúnachas an Rialacháin sin. Thairis sin, thug siad ar an gCoimisiún anailísí breise a dhéanamh d'fhonn an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh.

71 Rinneadh anailís freisin ar na gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach san iarscríbhinn theicniúil a ghabhann le tuarascáil chríochnaitheach TEG a bhí mar bhonn do Rialachán Tarmligthe 2021/2139 agus don Rialachán atá faoi chonspóid araon.

72 Dá bhrí sin, i bhfianaise na dtosca a luaitear i míreanna 45 go 48 den bhreithiúnas seo, leanann sé ó na céimeanna nós imeachta éagsúla as ar eascair glacadh Rialachán Tarmligthe 2021/2139, agus ansin go dtí céim an Rialacháin atá faoi chonspóid, go leanann an Rialachán sin as an gcéad cheann. Go háirithe, i gcomhthéacs an nós imeachta as ar eascair glacadh Rialachán Tarmligthe 2021/2139, chuir TEG na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach san áireamh agus mhol sé go ndéanfaí staidéir eile, a rinneadh i gcomhthéacs an nós imeachta as ar eascair glacadh an Rialacháin atá faoi chonspóid.

73 Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Coimisiún brath go bailí ar na tuarascálacha saineolaithe a rinneadh d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh chun an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh, ós rud é nach é cuspóir an dá rialachán tarmligthe amháin an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a fhorlíonadh, ach go gcomhlánaíonn na nósanna imeachta as a n-eascraíonn a nglacadh a chéile a mhéid a bhaineann le scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach. Dá bhrí sin, go háirithe, contrártha leis an méid a mhaíonn Poblacht na hOstaire, chun an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh, d'fhéadfadh an Coimisiún brath ar an measúnú tionchair agus ar an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh chun Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh, gan ceangal a bheith air measúnú tionchair agus comhairliúchán poiblí breise agus sonrach a dhéanamh tar éis na hanailíse breise a rinneadh i dtuarascáil JRC, a mhéid a bhí na gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach faoi réir measúnú tionchair agus comhairliúchán poiblí cheana féin.

74 Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún earráid agus é ag meas nár ghá measúnú tionchair agus comhairliúchán poiblí breise agus sonrach a dhéanamh tar éis na hanailíse breise ar chomhlíonadh chritéar DNSH de réir gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach a rinneadh i dtuarascáil JRC.

75 Ar an gceathrú dul síos, maidir leis an argóint a leagtar amach i mír 30 den ráiteas idiragartha ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, ar dá réir gurb ionann mainneachtain dul i gcomhairle leis an bpobal an athuair agus sárú ar Airteagal 8 den Choinbhinsiún maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht agus rochtain ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil (IO 2005 L 124, lch. 4), nach mór a mheabhrú, de réir an cheathrú mír d'Airteagal 40 de Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is infheidhme maidir leis an nós imeachta os comhair na Cúirte Ginearálta de bhun Airteagal 53 den Reacht sin, féadfar an t-ordú atá á lorg san iarratas ar idiragairt a theorannú do thacaíocht a thabhairt don ordú atá á lorg ag ceann de na príomhpháirtithe sa díospóid. Ina theannta sin, faoi Airteagal 142(3) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, ní mór don idiragraí glacadh leis an gcás mar a mheasann sé tráth a idiragartha.

76 Cé nach gcuirtear cosc leis na forálacha sin ar idiragraí argóintí atá nua nó éagsúil le hargóintí an pháirtí lena dtacaíonn sé a chur chun cinn, ní féidir glacadh leis go gceadaítear leis na forálacha sin comhthéacs na díospóide a shainítear san iarratas a athrú nó a shaobhadh (breithiúnas an 10 Samhain 2021, *Google agus Alphabet* v *an Coimisiún (Google Shopping)*, T-612/17, EU:T:2021:763, mír 192, agus an 2 Deireadh Fómhair 2024, *ACE* v *an Chomhairle*, T-828/22, nár foilsíodh, faoi achomharc, EU:T:2024:672, mír 44).

77 Ós rud é nár ardaigh Poblacht na hOstaire saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 8 den Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil, tá an argóint sin do-ghlactha dá bhrí sin.

78 Ar an gcúigiú dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, nach raibh na tairseacha 270 gram (g) de choibhéis CO_2 (CO_2eq) in aghaidh na cileavatuaire (kWh) agus an meán bliantúil 550 cileagram (kg) de CO_2eq in aghaidh an chileavata (kW) thar 20 bliain a socraíodh d'aicmiú gáis iontaise mar ghníomhaíocht idirthréimhseach de réir bhrí Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ina n-ábhar d'aon mheasúnú tionchair ná comhairliúchán poiblí.

79 Mar sin féin, ba cheart a mheabhrú, mar is léir ó mhír 46 thuas, go ndearna an Coimisiún measúnú tionchair d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh agus gur ghlac TEG dhá thuarascáil. Bhí an measúnú tionchair sin agus na tuarascálacha sin ina n-ábhar do chomhairliúcháin phoiblí agus rinneadh iad fad a bhí sé beartaithe cheana critéir scagtha theicniúla a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise.

80 Áiríodh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise cheana féin sna tuairimí saineolaithe agus sna comhairliúcháin phoiblí a rinneadh d'fhonn Rialachán Tarmligthe 2021/2139 a ghlacadh. Thairis sin, thug siad ar an gCoimisiún anailísí breise a dhéanamh d'fhonn an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh. Thairis sin, luadh sa mheasúnú tionchair chun Rialachán Tarmligthe 2021/2139 (SWD(2021) 152 final) a ghlacadh, ar leathanach 146, an gá atá le hobair bhreise le haghaidh gníomhaíochtaí gáis iontaise.

81 Ina theannta sin, rinneadh anailís ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise san iarscríbhinn theicniúil a ghabhann le tuarascáil chríochnaitheach TEG.

82 A mhéid a bhí earnáil an gháis iontaise faoi réir chéim ullmhúcháin Rialachán Tarmligthe 2021/2139, agus mar gheall ar an leanúnachas idir an Rialachán sin agus an Rialachán atá faoi chonspóid, dá dtagraítear i mír 72 den bhreithiúnas seo, ní féidir an Coimisiún a cháineadh toisc nach ndearna sé measúnú tionchair nua ná comhairliúchán poiblí nua maidir leis an earnáil sin.

83 Dá réir sin, ní dhearna an Coimisiún earráid nuair a chinn sé nár ghá measúnú tionchair agus comhairliúchán poiblí breise agus sonrach a dhéanamh maidir leis na tairseacha 270 g CO_2 eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kW.

84 Ar an séú dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire gur glacadh an Rialachán atá faoi chonspóid de shárú ar Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach, ós rud é nach ndearna an Coimisiún, sular glacadh é, measúnú ar a chomhoiriúnacht leis an gcuspóir aeráidneodrachta dá dtagraítear in Airteagal 2(1) den Dlí sin agus le spriocanna aeráide an Aontais do 2030 agus 2040, ná nár fhoilsigh sé na torthaí ná nár leag sé amach na cúiseanna le measúnú den sórt sin.

85 Ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach, go bhfuil an Coimisiún chun measúnú a dhéanamh, sula nglacfar é, ar chomhsheasmhacht aon dréachtbhirt nó aon dréacht-togra reachtaigh, lena n-áirítear tograí buiséadacha, leis an gcuspóir aeráidneodrachta a leagtar amach in Airteagal 2(1) den Dlí sin agus le spriocanna aeráide 2030 agus 2040 an Aontais, go n-áiríonn sé an measúnú sin in aon mheasúnú tionchair a ghabhann leis na bearta nó na tograí sin, agus go bhfuil sé le toradh an mheasúnaithe sin a chur ar fáil go poiblí tráth a ghlactha. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin féachaint an n-áirithíonn na dréachtbhearta nó na tograí reachtacha sin, lena n-áirítear tograí buiséadacha, feabhas ar oiriúnú i gcomhréir le hAirteagal 5 den dlí sin.

86 Ní luaitear in Airteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach an fhoirm shonrach atá le leanúint le haghaidh an mheasúnaithe dá bhforáiltear ann. Dá bhrí sin, is é cuspóir fíor-riachtanach na forála seo a áirithiú go ndéanfaidh an Coimisiún cinneadh eolasach maidir le comhsheasmhacht dréachtbhirt le cuspóirí an dlí sin.

87 Mar sin féin, is féidir comhlíonadh an chuspóra fhíor-riachtanaigh sin a áirithiú trí fhíorú an Choimisiúin go gcuirtear san áireamh ceanglais shonracha an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht, go háirithe Airteagal 10 de, lena rialaítear an rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide.

88 Go deimhin, is mar seo a leanas atá Airteagal 2(1) den Dlí Aeráide Eorpach, lena sainítear an cuspóir aeráidneodrachta:

‘Déanfar astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa uile-Aontais arna rialáil i ndlí an Aontais a chothromú laistigh den Aontas faoi 2050 ar a dhéanaí, agus ar an gcaoi sin astaíochtaí a laghdú go nialas faoin dáta sin agus beidh sé d’aidhm ag an Aontas astaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin.’

89 Foráiltear le hAithris 24 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht gur cheart do ghníomhaíocht eacnamaíoch lena saothraítear an cuspóir comhshaoil maidir le maolú ar an athrú aeráide rannchuidiú go substaintiúil le cobhsú astaíochtaí gás ceaptha teasa (‘GCT’) trí na hastaíochtaí sin a sheachaint nó a laghdú nó trí fheabhas a chur ar aistrithe GCT.

90 Sonraítear in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht freisin go measfar go rannchuidíonn gníomhaíocht go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide nuair a thacaíonn sí leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de, lena n-áirítear trí astaíochtaí GCT a chéimniú amach.

91 Dá bhrí sin, tá cuspóir aeráidneodrachta an Dlí Aeráide Eorpaigh cosúil leis an gcuspóir maidir le maolú ar an athrú aeráide a chuirtear chun feidhme leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, a mhéid atá sé d’aidhm ag an dá ghníomh astaíochtaí GCT a laghdú nó a dhíothú.

92 Leis an measúnú tionchair ar Rialachán Tarmligthe 2021/2139 agus na hanailísí eolaíocha ar rannchuidiú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach agus le gás iontaise le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide, chomh maith leis an anailís eolaíoch ar chomhlíonadh chritéar DNSH ag na gníomhaíochtaí sin, a rinneadh d’fhonn an Rialachán atá faoi chonspóid a ghlacadh chun rannchuidiú féideartha na ngníomhaíochtaí sin leis an gcuspóir maidir le GCT a laghdú nó a bhaint a thomhas, cuireadh ar chumas an Choimisiúin, gan gá le hanailís bhreise ar bith, measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht an Rialacháin atá faoi chonspóid le cuspóirí an Aontais maidir leis an aeráid le haghaidh 2030 agus 2040 i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Dlí Aeráide Eorpach.

93 Dá bhrí sin, ní mór an chéad agus an naoú saincheist dlí a dhiúltú.

An dara go dtí an t-ochtú saincheist dlí, maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le hearnáil an fhuinnimh núicléach

94 Mar réamhphointe, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an Rialachán atá faoi chonspóid le trí chineál gníomhaíochta eacnamaíche san earnáil núicléach:

– céimeanna réamhthráchtála na n-ardteicneolaíochtaí chun fuinneamh a tháirgeadh ó phróisis núicléacha lena mbaineann íosmhéid dramhaíola ó thimthriall an bhreosla (ranna nua 4.26 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139, a cuireadh isteach sna hiarscríbhinní sin leis an Rialachán atá faoi chonspóid);

– tógáil agus oibriú sábháilte gléasraí cumhachta núicléiche nua chun leictreachas nó teas a tháirgeadh, lena n-áirítear chun hidrigin a tháirgeadh, agus úsáid á baint as na teicneolaíochtaí is fearr atá ar fáil (ranna nua 4.27 d’Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139, a cuireadh isteach sna hiarscríbhinní sin leis an Rialachán atá faoi chonspóid);

– leictreachas a tháirgeadh ó fhuinneamh núicléach i suiteálacha atá ann cheana (ailt 4.28 nua d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139, a cuireadh isteach sna hiarscríbhinní sin leis an Rialachán atá faoi chonspóid) (le chéile, 'gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach').

95 I gcás gach ceann de na gníomhaíochtaí sin a aicmítear mar ghníomhaíocht infheistíochta inbhuanaithe, leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid na critéir scagtha theicniúla chun a chinneadh, ar thaobh amháin, na coinníollacha faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide agus, ar an taobh eile, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid na critéir scagtha theicniúla chun a chinneadh, ar thaobh amháin, na coinníollacha faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide agus, ar an taobh eile, cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

An t-ochtú saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 290 CFAE

96 Áitíonn Poblacht na hOstaire, go bunúsach, go sáraítear leis an Rialachán atá faoi chonspóid an coinníoll maidir le tarmligean a bhaineann le 'gnéithe riachtanacha' de réir bhrí Airteagal 290 CFAE, a mhéid a léiríonn sé an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht sa chaoi gur fhág reachtóir an Aontais go hoscailte gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach mar ghníomhaíochtaí inbhuanaithe agus, i ndáil leis sin, gur chuir sé siar é sin faoi rogha an Choimisiúin.

97 Dar le Poblacht na hOstaire, go bunúsach, go dtagann ábhar an Rialacháin atá faoi chonspóid faoi ghnéithe riachtanacha an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht mar gheall ar chineál polaitiúil agus conspóideach an fhuinnimh núicléach a áireamh sa tacsanomaíocht, foclaíocht Airteagal 10(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, lena n-eisiatar fuinneamh núicléach ó ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a d'fhéadfaí a mheas mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide, bunús dlí an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht a bhaineann leis an margadh inmheánach agus ní Conradh Euratom, agus cur isteach ar an Rialachán atá faoi chonspóid ar an gceart chun maoine, ar an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh.

98 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Fraince, ón Ungáir, ón Rómáin agus ó Phoblacht na Fionlainne, na hargóintí sin a dhíospóid.

99 Ar dtús, ba cheart a thabhairt faoi deara nár ardaigh Poblacht na hOstaire pléadáil neamhdhleathachta lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 290 CFAE leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, mar a dheimhnigh sí ag an éisteacht. Dá bhrí sin, ní chaitheann Poblacht na hOstaire amhras ar dhlíthiúlacht an tarmligin a thugtar don Choimisiún le, *inter alia*, Airteagal 1(3) agus Airteagal 10(3) den Rialachán sin.

100 Ina dhiaidh sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 290(1) CFAE, go bhféadfar, le gníomh reachtach, cumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún chun gníomhartha neamhreachtacha a bhfuil feidhm ghinearálta leo a ghlacadh chun eilimintí neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach a fhorlíonadh nó a leasú.

101 Is é is aidhm don fhéidearthacht cumhachtaí a tharmligean, dá bhforáiltear in Airteagal 290 CFAE, a chur ar chumas reachtóir an Aontais díriú ar eilimintí bunriachtanacha na reachtaíochta agus ar eilimintí neamhriachtanacha a mheasann sé gurb iomchuí reachtaíocht a rith ina leith, agus ag an am céanna an cúram a chur ar an gCoimisiún eilimintí neamhriachtanacha áirithe den ghníomh reachtach arna ghlacadh a 'fhorlíonadh' nó eilimintí den sórt sin a 'leasú' i gcomhthéacs tarmligean arna thabhairt don Choimisiún (féach breithiúnas an 11 Bealtaine 2017, *Dyson* v *an Coimisiún*, C-44/16 P, EU:C:2017:357, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

102 Dá bhrí sin, ní mór na rialacha bunúsacha maidir leis an ábhar atá i gceist a leagan síos sna rialacha bunúsacha agus ní féidir iad a bheith ina n-ábhar do tharmligean cumhachtaí (féach breithiúnas an 11 Bealtaine 2017, *Dyson* v *an Coimisiún*, C-44/16 P, EU:C:2017:357, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

103 Sa chás seo, is gá a chinneadh, mar a mhaíonn Poblacht na hOstaire, an bhfuil an cheist an gcomhlíonann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach coinníollacha an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht agus, dá bhrí sin, an féidir iad a aicmiú mar ghníomhaíochtaí a thagann faoi Airteagal 10(2) de, ina gné bhunriachtanach den Rialachán sin nach bhféadfadh, dá bhrí sin, a bheith ina hábhar do ghníomh tarmligthe.

104 Is iad na heilimintí bunriachtanacha den reachtaíocht bhunúsach na heilimintí sin a n-éilíonn a nglacadh roghanna polaitiúla a thagann faoi fhreagrachtaí reachtóir an Aontais (féach, chuige sin, breithiúnas an 5 Meán Fómhair 2012, *an Pharlaimint* v *an Chomhairle*, C-355/10, EU:C:2012:516, mír 65), sa mhéid is go gceanglaítear leis go ndéanfar na leasanna coinbhleachta atá i gceist a mheas ar bhonn roinnt measúnuithe, nó má chiallaíonn sé go bhféadfaí cur isteach ar chearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann a mhéid is gá do reachtóir an Aontais a bheith rannpháirteach (féach breithiúnas an 26 Iúil 2017, *Poblacht na Seice* v *an Coimisiún*, C-696/15 P, EU:C:2017:595, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).

105 Ní mór sainaithint eilimintí ábhair nach mór a aicmiú mar ábhar fíor-riachtanach a bheith bunaithe ar thosca oibiachtúla a bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh orthu, agus ní mór saintréithe agus gnéithe sonracha an réimse lena mbaineann a chur san áireamh (féach breithiúnas an 22 Meitheamh 2016, *DK Recycling und Roheisen* v *an Coimisiún*, C-540/14 P, EU:C:2016:469, mír 48 agus an cásdlí dá dtagraítear).

106 I ndáil leis sin, ar an gcéad dul síos, is léir ó Airteagal 1 de gurb é cuspóir an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht na critéir a bhunú chun a chinneadh an meastar go bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, chun críocha inbhuanaitheacht comhshaoil infheistíochta a chinneadh.

107 I gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, measfar gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de má chomhlíonann sí na 'critéir inbhuanaitheachta comhshaoil' a leagtar amach i bhfomhíreanna (a) go (d) den fhoráil sin, eadhon má rannchuidíonn sí go substaintiúil le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin, mura ndéantar dochar suntasach léi d'aon cheann de na cuspóirí sin, má dhéantar í i gcomhréir leis na coimircí íosta dá bhforáiltear in Airteagal 18 den Rialachán sin agus má chomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla arna mbunú ag an gCoimisiún i gcomhréir, *inter alia*, le hAirteagail 10(3) agus 11(3) den Rialachán sin.

108 Ar an dara dul síos, leanann sé ó Airteagal 10(3)(a) agus Airteagal 11(3)(a) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go dtarmligtear leis na forálacha sin an cúram chuig an gCoimisiún míreanna 1 agus 2 de na hAirteagail sin a fhorlíonadh trí chritéir scagtha theicniúla a bhunú chun na coinníollacha a chinneadh faoina meastar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch ar leith go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin.

109 Is léir freisin ó Airteagal 10(3)(b) agus Airteagal 11(3)(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go dtarmligtear leis na forálacha sin chuig an gCoimisiún an cúram maidir le hAirteagal 17 den Rialachán sin a fhorlíonadh trí chritéir scagtha theicniúla a bhunú, le haghaidh gach cuspóra comhshaoil ábhartha, chun a chinneadh an ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch, ar bunaíodh na critéir scagtha theicniúla ina leith, dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil sin.

110 Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 10(5) agus Airteagal 11(5) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ar an gCoimisiún, agus an chumhacht tharmligthe sin á feidhmiú aige, na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 19 den Rialachán sin a chur san áireamh.

111 I measc na gceanglas sin, luaitear in Airteagal 19(1)(a) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go sainaithnítear leis na critéir scagtha theicniúla na rannchuidithe féideartha is ábhartha leis an gcuspóir comhshaoil atá á mheas, agus prionsabal na neodrachta teicneolaíche á n-urramú, agus tionchair ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha gníomhaíochta eacnamaíche ar leith á gcur san áireamh.

112 Thairis sin, de réir Airteagal 19(3) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, áiritheofar leis na critéir scagtha theicniúla dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal sin nach gcáileoidh gníomhaíochtaí giniúna leictreachais ina n-úsáidtear breoslaí iontaise soladacha mar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.

113 Thairis sin, sa chásdlí, ciallaíonn prionsabal na neodrachta teicneolaíche nach mór don reachtaíocht lena mbaineann cearta agus oibleagáidí daoine aonair a leagan amach ar bhealach cineálach, ionas nach dtabharfar tús áite d'úsáid teicneolaíochta amháin thar theicneolaíocht eile (féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Márta 2022, *Austro-Mechana*, C-433/20, EU:C:2022:217, mír 27 agus an cásdlí dá dtagraítear).

209 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go mbunaítear leis an Rialachán atá faoi chonspóid, nach féidir a mheas ar leithligh ó na rialacháin tharmligthe eile arna nglacadh ar bhonn an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht, tosaíocht i bhfabhar infheistíochtaí i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach seachas infheistíochtaí a bhaineann le fuinneamh in-athnuaite.

210 Tá an léiriú sin ar an Rialachán atá faoi chonspóid comhsheasmhach leis an dara fomhír d'Airteagal 194(2) CFAE, ar dá réir atá gach Ballstát i dteideal na coinníollacha maidir lena acmhainní fuinnimh a shaothrú, a rogha idir foinsí éagsúla fuinnimh agus struchtúr ginearálta a sholáthair fuinnimh a chinneadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 22 Meán Fómhair 2020, *an Ostair* v *an Coimisiún*, C-594/18 P, EU:C:2020:742, míreanna 48 agus 80).

211 Ina theannta sin, lena hargóintí, áitíonn Poblacht na hOstaire, go bunúsach, go bhfuil easpa solúbthachta ag baint leis an bhfuinneamh núicléach, agus mar thoradh air sin go gcuireann an méadú ar sciar an fhuinnimh in-athnuaite le samhail ghnó na ngléasraí cumhachta núicléiche trí fhad a n-úsáide a laghdú. Ní mór a lua gur ráiteas ginearálta é sin, a bhféadfadh a ábharthacht a bheith éagsúil ag brath, ar an gcéad dul síos, ar rogha gach Ballstáit, dá dtagraítear i mír 210 thuas, agus, ar an dara dul síos, ar an bhféidearthacht atá ag gléasraí cumhachta núicléiche a n-oibriú a choigeartú chun freastal ar athruithe ar sholáthar agus ar éileamh, mar a chuir an Coimisiún agus Poblacht na Fraince isteach.

212 In aon chás, chuir an Coimisiún staidéar ar fáil freisin a chaitheann amhras ar thorthaí na staidéar a chuir Poblacht na hOstaire ar fáil. Mar sin féin, i gcomhréir le cásdlí socair, ní mór lánrogha leathan a thabhairt don Choimisiún maidir le measúnú ar staidéir eolaíocha agus maidir leis an rogha staidéar nach mór tosaíocht a bheith acu ar staidéir eile, beag beann ar a gcróineolaíocht (breithiúnais an 24 Deireadh Fómhair 2018, *Deza* v *an Coimisiún*, T-400/17, nár foilsíodh, EU:T:2018:712, mír 95, agus an 5 Iúil 2023, *TIB Chemicals* v an Coimisiún, T-639/20, nár foilsíodh, EU:T:2023:374, mír 34).

213 Dá bhrí sin, ní leor an fhianaise a thug Poblacht na hOstaire ar aird chun measúnú an Choimisiúin a dhéanamh dochreidte go n-éascaíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach úsáid foinsí in-athnuaite eadrannacha agus nach gcuireann siad bac ar a bhforbairt.

214 Dá bhrí sin, ní léiríonn an fhianaise seo go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é á mheas go n-éascaíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach úsáid foinsí in-athnuaite eadrannacha agus nach gcuireann siad bac ar a bhforbairt.

215 Cáineann Poblacht na hOstaire freisin nach ndearna an Coimisiún scrúdú ina leith sin, agus mar thoradh air sin go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail mar gheall ar ráiteas neamhleor ar chúiseanna.

216 I ndáil leis sin, de réir chásdlí socair na Cúirte, ní mór an ráiteas ar chúiseanna a cheanglaítear le hAirteagal 296 CFAE a bheith iomchuí don bheart atá i gceist agus ní mór dó an réasúnaíocht arna leanúint ag an institiúid a ghlac an beart atá i gceist a nochtadh ar bhealach soiléir agus aonchiallach ar bhealach a chuirfidh ar chumas na ndaoine lena mbaineann na cúiseanna atá leis an mbeart a fhionnadh agus a chur ar chumas na cúirte inniúla a cumhacht athbhreithnithe a

fheidhmiú. Ní gá na fíorais agus na pointí dlí ábhartha go léir a chur san áireamh sa réasúnaíocht, ós rud é nach mór measúnú a dhéanamh ar an gceist an gcomhlíonann an ráiteas ar chúiseanna ceanglais Airteagal 296 CFAE ní hamháin i ndáil lena fhoclaíocht ach freisin i ndáil lena chomhthéacs agus leis na rialacha dlíthiúla uile lena rialaítear an t-ábhar atá i gceist (féach breithiúnas an 8 Bealtaine 2019, *Landeskreditbank Baden-Württemberg* v *BCE*, C-450/17 P, EU:C:2019:372, míreanna 85 agus 87 agus an cásdlí dá dtagraítear).

217 Mar is léir ó aithris 6 den Rialachán atá faoi chonspóid, thug an Coimisiún cúiseanna leordhóthanacha lena mheasúnú go n-éascaíonn gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach úsáid foinsí in-athnuaite eadrannacha agus nach gcuireann siad bac ar a bhforbairt. Is léir ón aithris sin, trína áirithiú go gcomhlíontar bunriachtanais fuinnimh, go n-éascaíonn fuinneamh núicléach úsáid foinsí in-athnuaite eadrannacha agus, dá bhrí sin, nach gcuireann sé bac ar a bhforbairt.

218 Ní féidir an Coimisiún a cháineadh ach oiread toisc nach ndearna sé scrúdú ina leith sin, ós rud é go léirítear sa mheasúnú dá dtagraítear in aithris 6 den Rialachán atá faoi chonspóid gur scrúdaigh sé an tsaincheist sin.

219 Ar an gcúigiú dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire go sáraíonn cuimsiú fuinnimh núicléach sa tacsanomaíocht an toirmeasc ar éifeachtaí glasála a leagtar síos in Airteagal 10(2)(c) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Ós rud é go mbeadh éifeachtaí gaibhnithe suntasacha mar thoradh ar fhuinneamh núicléach, i bhfianaise na gcostas suntasach infheistíochta a bhaineann leis, na n-amanna arda tógála agus am oibriúcháin na ngléasraí, bhainfeadh fuinneamh núicléach an bonn d'fhorbairt foinsí in-athnuaite fuinnimh níos buntáistí agus mhéadódh sé an dóchúlacht go n-úsáidfear teicneolaíochtaí ar mór a lorg carbóin go dtí go dtabharfar gléasraí cumhachta núicléiche nua i bhfeidhm.

220 Chun tacú leis an maíomh sin, braitheann Poblacht na hOstaire ar fhreagairt an Ardáin, ina luaitear, ar an gcéad dul síos, go bhféadfadh gaibhniú sócmhainní i ngníomhaíochtaí ar mór a lorg carbóin tarlú (may occur) dá mbeadh na laghduithe GCT a bhfuiltear ag súil leo rómhall nó ródhéanach agus, ar an dara dul síos, go bhfuil riosca gaibhnithe ann mar gheall ar an uainiú is gá chun gléasraí cumhachta núicléiche a thógáil agus an fad ama a bhfuil siad fós ag feidhmiú lena linn.

221 Ba cheart a mheabhrú go gceanglaítear le hAirteagal 10(2)(c) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht nach mbeidh gaibhniú sócmhainní ar mór a lorg carbóin mar thoradh ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch, agus saolré eacnamaíoch na sócmhainní sin á cur san áireamh.

222 Dá bhrí sin, féachtar le hAirteagal 10(2)(c) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht gaibhniú sócmhainní ar mór a lorg carbóin a sheachaint, is é sin le rá, inbhuanaitheacht sócmhainní ar mór a lorg carbóin agus, de réir aithris 41 den Rialachán sin, nach n-eascraíonn gaibhniú sócmhainní as gníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil ag luí le cuspóir na haeráidneodrachta.

223 Mar sin féin, ní mhíníonn Poblacht na hOstaire conas is astaírí ard-astaíochtaí gás ceaptha teasa iad sócmhainní na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach, agus mar thoradh air sin níl bunús lena hargóint.

224 Ina theannta sin, tá na dearbhuithe atá i bhfreagairt Phoblacht na hOstaire ar an ardán coinníollach nó níl bunús leo, agus mar thoradh air sin ní leor iad chun measúnú an Choimisiúin a dhéanamh dochreidte.

225 Dá bhrí sin, ní léiríonn argóintí Phoblacht na hOstaire go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é á mheas gur chomhlíon na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 10(2)(c) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

226 Cáineann Poblacht na hOstaire freisin, go bunúsach, gur theip ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar éifeachtaí glasála na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach, atá suntasach agus a bhaineann an bonn d'fhorbairt fuinnimh in-athnuaite agus a fhágann gur gá fuinneamh a tháirgeadh ó ghual agus ó ghás, agus mar thoradh air sin go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail mar gheall ar ráiteas neamhleor ar chúiseanna.

227 Mar sin féin, ós rud é nach ann don riosca maidir le héifeacht gaibhnithe sócmhainní ar mór a lorg carbóin i gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach, nach mbaineann sócmhainní ar mór a lorg carbóin leo, ní féidir an Coimisiún a cháineadh toisc nach ndearna sé scrúdú ar éifeachtaí glasála na sócmhainní sin nó toisc gur sháraigh sé a oibleagáid cúiseanna a lua ina leith sin.

228 Ar an séú dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire go bhfuil sárú ar Airteagal 19(1)(g) den Rialachán sin i gceist freisin le sárú ar Airteagal 10(2) den Rialachán sin, lena leagtar síos an oibleagáid saolré a chur san áireamh, lena n-áirítear gnéithe a eascraíonn as measúnuithe saolré atá ann cheana. Theip ar an gCoimisiún tréimhsí fada pleanála, údaraithe agus oibriúcháin na ngléasraí cumhachta núicléiche a chur san áireamh nó, dá bhrí sin, an saolré iomlán a chur san áireamh, i bhfianaise, go háirithe, na bacainne ar roghanna malartacha ísealcharbóin agus ar éifeachtaí glasála.

229 Mar sin féin, is leor a thabhairt faoi deara, i gcomhthéacs an ghearáin seo, nach ndearna Poblacht na hOstaire ach tagairt do na hargóintí lena líomhnaítear sáruithe ar Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Sna himthosca sin, agus ós rud é gur diúltaíodh do na hargóintí sin, ní mór diúltú freisin don argóint go bhfuil sárú ar Airteagal 19(1)(g) den Rialachán sin i gceist le sáruithe ar an bhforáil sin.

230 I bhfianaise a bhfuil thuas, ní mór a chinneadh nár léirigh Poblacht na hOstaire go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é á mheas go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

231 Dá bhrí sin, tá an dara cuid den dara saincheist dlí gan bhunús.

– An tríú cuid den dara saincheist dlí, lena líomhnaítear, mar mhalairt air sin, sárú ar Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus ar phrionsabal an réamhchúraim

232 Áitíonn Poblacht na hOstaire, go bunúsach, go bhfuil na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos sa Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail mar gheall ar shárú ar Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, toisc nach bhfuil siad bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte ná ar phrionsabal an réamhchúraim, agus nach féidir a fhíorú an gcomhlíonann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach coinníollacha Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

233 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ón Rómáin agus ó Phoblacht na Fionlainne, na hargóintí sin a dhíospóid.

234 Ní mór a mheabhrú, faoi Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, go bhfuil na critéir scagtha theicniúla a bhunaítear de bhun Airteagal 10(3) den Rialachán sin le bheith bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte agus ar phrionsabal an réamhchúraim, a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE.

235 Sa chás seo, ar an gcéad dul síos, is léir ó aithris 6 den Rialachán atá faoi chonspóid go raibh an Coimisiún ag brath ar mheasúnú eolaíoch TEG agus ar an measúnú eolaíoch atá i dtuarascáil JRC. Ina theannta sin, mar a cuireadh in iúl i mír 48 thuas, bhí sé ag brath freisin ar thuairim an ghrúpa saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31 de Chonradh Euratom agus ar thuairim CERSCRTCC. Thairis sin, san iarscríbhinn theicniúil a ghabhann lena thuarascáil chríochnaitheach an 9 Márta 2020, chinn TEG 'go raibh na sonraí maidir leis an rannchuidiú substaintiúil a d'fhéadfadh a bheith ag fuinneamh núicléach le maolú ar an athrú aeráide flúirseach agus gan débhrí', ag tagairt do roinnt staidéar eolaíoch.

236 Chun tacú lena hargóint, ní luann Poblacht na hOstaire ach trí staidéar a bhaineann leis an bhfíoras go ndéanann fuinneamh núicléach agus foinsí fuinnimh in-athnuaite dochar dá chéile agus nach bhfuil siad comhlántach, gan míniú a thabhairt ar an gcaoi a n-eascraíonn gaibhniú sócmhainní ar mór a lorg carbóin as na critéir scagtha theicniúla a shainítear le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach.

237 Sna himthosca sin, agus i bhfianaise na lánrogha leithne a tugadh don Choimisiún maidir le staidéir eolaíocha a roghnú agus meastóireacht a dhéanamh orthu, dá dtagraítear i mír 212 den bhreithiúnas seo, níor léirigh Poblacht na hOstaire, de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá, nár chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid brath ar fhianaise dhochloíte eolaíoch.

238 In aon chás, i bhfianaise na discréide leithne sin, ní leor anailís a dhéanann an Coimisiún sa litríocht eolaíoch a chonspóid chun an anailís sin a cheistiú.

239 Ar an dara dul síos, murab ionann agus an méid a d'áitigh Poblacht na hOstaire, ní féidir a mheas go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag 'easnaimh san anailís agus sna forais' maidir le cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na trí earnáil eacnamaíocha ábhartha a bhaineann le fuinneamh núicléach coinníollacha Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

240 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú gur ceanglas nós imeachta fíor-riachtanach í an oibleagáid na cúiseanna ar a bhfuil cinntí bunaithe a lua, ar ceanglas é nach mór a idirdhealú ón gceist an bhfuil na cúiseanna a thugtar ceart, a bhaineann le dlíthiúlacht shubstainteach an bhirt atá faoi chonspóid (féach breithiúnas an 18 Aibreán 2024, *Dumitrescu agus páirtithe eile* v *an Coimisiún agus an Chúirt Bhreithiúnais*, C-567/22 P go C-570/22 P, EU:C:2024:336, mír 46 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór a thabhairt faoi deara, lena hargóint maidir le 'easnaimh san anailís agus na forais', go ndéanann Poblacht na hOstaire, go bunúsach, amhras a chaitheamh ar na cúiseanna atá leis an Rialachán atá faoi chonspóid agus ní ar fhiúntas an Rialacháin sin, rud atá fíor freisin leis na gearáin eile a cuireadh chun cinn mar thaca leis an gcaingean a bhaineann le heasnaimh den sórt sin.

241 Thairis sin, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 216 thuas, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil an ráiteas maidir leis na cúiseanna a bhfuiltear ag comhlíonadh na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 10(2) den Rialachán Tacsanomaíochta leagtha amach de réir an

chaighdeáin dhlíthiúil riachtanach in aithris 6 den rialachán atá faoi chonspóid agus sa ráiteas ar chúiseanna le Rialachán Tarmligthe 2021/2139, ina dtagraítear do thuairimí na saineolaithe a ndeachaigh an Coimisiún i gcomhairle leo.

242 Ar an tríú dul síos, ós rud é nach dtugann Poblacht na hOstaire bunús leis an ngearán lena líomhnaítear sárú ar phrionsabal an réamhchúraim le hargóintí sonracha i gcomhthéacs an chuid seo den dara saincheist dlí, agus ós rud é nach dtagraíonn sé ach don phrionsabal sin, ní mór a mheas go bhfuil an gearán sin do-ghlactha de bhun Airteagal 76(d) de na Rialacha Nós Imeachta (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Samhain 2019, *ADDE* v *an Pharlaimint*, T-48/17, EU:T:2019:780. mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

243 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, diúltaítear don tríú cuid den dara saincheist dlí agus, dá bhrí sin, don dara saincheist dlí ina hiomláine.

An tríú agus an ceathrú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 17 agus Airteagal 19(1)(f) agus (g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus ar phrionsabal an réamhchúraim

244 Mar thaca leis an tríú agus leis an gceathrú saincheist dlí, maíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, go bunúsach, trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach a áireamh i ngníomhaíochtaí idirthréimhseacha agus trí na critéir scagtha theicniúla a bhunú le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, gur sháraigh an Rialachán atá faoi chonspóid critéar DNSH, eadhon an critéar nár cheart don ghníomhaíocht eacnamaíoch lena mbaineann dochar suntasach a dhéanamh do cheann de na cuspóirí comhshaoil a shaothraítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, dá bhforáiltear in Airteagal 17, agus in Airteagal 19(1)(f) agus (g) den Rialachán sin agus i bprionsabal an réamhchúraim.

245 Is mar a leanas atá Airteagal 17(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht:

‘Chun críocha phointe (b) d’Airteagal 3, agus saolré na dtáirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear trí ghníomhaíocht eacnamaíoch á gcur san áireamh, lena n-áirítear fianaise ó mheasúnuithe saolré atá ann cheana, measfar go ndéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch sin dochar suntasach don mhéid seo a leanas:

(a) maolú ar an athrú aeráide, i gcás ina mbíonn an ghníomhaíocht sin ina cúis le hastaíochtaí suntasach GCT;

(b) oiriúnú don athrú aeráide, i gcás inar cúis í an ghníomhaíocht sin le méadú ar an drochthionchar atá ag an aeráid atá ann faoi láthair agus ag an aeráid a cheaptar a bheidh ann amach anseo ar an ngníomhaíocht féin nó ar dhaoine, ar an dúlra nó ar shócmhainní eile;

(c) úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní muirí, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin dochar:
   (i) do dhea-stádas nó do dhea-acmhainneacht éiceolaíoch dobharlach, lena n-áirítear uiscí dromchla agus screamhuisce; nó
   (ii) do dhea-stádas comhshaoil uiscí mara;

(d) an geilleagar ciorclach, lena n-áirítear cosc agus athchúrsáil ar dhramhaíl, i gcás:

(i) ina mbíonn neamhéifeachtúlachtaí suntasacha i gceist maidir le húsáid ábhar agus úsáid dhíreach nó indíreach acmhainní nádúrtha amhail foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite, amhábhair, uisce agus talamh ag céim amháin nó níos mó de shaolré táirgí de bharr na gníomhaíochta sin, lena n-áirítear i dtéarmaí marthanacht, indeisithiteacht, in-uasghrádaitheacht, in-athúsáidteacht nó in-athchúrsáilteacht táirgí;
(ii) ina dtagann méadú suntasach ar ghiniúint, loscadh nó diúscairt dramhaíola de bharr na gníomhaíochta sin, cé is moite de dhramhaíl ghuaiseach nach bhfuil in-athchúrsáilte a loscadh, nó
(iii) ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar suntasach fadtéarmach a dhéanamh don chomhshaol;

(e) cosc agus rialú ar thruailliú i gcás ina dtagann méadú suntasach ar na hastaíochtaí truailleán san aer, san uisce nó sa talamh de bharr na gníomhaíochta sin, i gcomparáid leis an gcás sular cuireadh tús leis an ngníomhaíocht; nó

(f) bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú, i gcás ina ndéanann an ghníomhaíocht sin:
(i) díobháil shuntasach do dhea-bhail agus d'athléimneacht éiceachóras; nó
(ii) díobháil do stádas caomhantais gnáthóg agus speiceas, lena n-áirítear iad sin ar leas an Aontais iad.'

246 Foráiltear le hAirteagal 19(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht maidir leis na critéir scagtha theicniúla a bhunaítear de bhun, *inter alia*, Airteagal 10(3) agus Airteagal 11(3) den Rialachán sin:

'(a) sainaithneofar leo na rannchuidithe féideartha is ábhartha leis an gcuspóir comhshaoil áirithe, agus prionsabal na neodrachta ó thaobh na teicneolaíochta de á urramú ag an am céanna, agus tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche áirithe á meas;

(b) sonrófar leo na híoscheanglais nach mór a chomhlíonadh chun díobháil shuntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil ábhartha a sheachaint, agus an tionchar gearrthéarmach agus fadtéarmach gníomhaíochta eacnamaíche áirithe á meas;

(c) beidh siad cainníochtúil agus beidh tairseacha iontu a mhéid is féidir, thairis sin beidh siad cáilíochtúil;

(d) i gcás inarb iomchuí, beidh siad bunaithe ar scéimeanna lipéadaithe agus deimhniúcháin de chuid an Aontais, ar mhodheolaíochtaí de chuid an Aontais chun lorg comhshaoil a mheas, agus ar chórais aicmithe staidrimh de chuid an Aontais, agus cuirfear san áireamh leo aon reachtaíocht ábhartha de chuid an Aontais atá ann cheana;

(e) úsáidfear, a mhéid is féidir, táscairí inbhuanaitheachta leo, dá dtagraítear in Airteagal 4(6) de Rialachán […] 2019/2088;

(f) beidh siad bunaithe ar fhianaise dhochloíte eolaíoch agus ar phrionsabal an réamhchúraim a chumhdaítear in Airteagal 191 CFAE;

(g) cuirfear an saolré san áireamh leo, lena n-áirítear fianaise ó mheasúnuithe saolré atá ann cheana, trí thionchar na gníomhaíochta eacnamaíche féin ar an gcomhshaol a mheas, agus an tionchar ar an gcomhshaol atá ag na táirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear de bharr na gníomhaíochta eacnamaíche sin, go háirithe trí tháirgeadh, úsáid agus deireadh a ré na dtáirgí agus seirbhísí sin a mheas;

(h) cuirfear san áireamh leo cineál agus scála na gníomhaíochta eacnamaíche, lena n-áirítear:

(i) an gníomhaíocht chumasúcháin faoi mar a thagraítear dó in Airteagal 16 atá inti; nó

(ii) an gníomhaíocht idirthréimhseach faoi mar a thagraítear dó in Airteagal 10(2) atá inti;

(i) cuirfear san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an aistriú chuig geilleagar níos inbhuanaithe ar an margadh, lena n-áirítear an riosca go ndéanfaí sócmhainní áirithe a thréigean mar thoradh ar aistriú den sórt sin, agus an riosca go gcruthófaí dreasachtaí neamhréireacha chun infheistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe;

(j) cumhdófar leo gach gníomhaíocht eacnamaíoch ábhartha laistigh d'earnáil shonrach agus áiritheofar go gcaithfear go cothrom leis na gníomhaíochtaí sin má rannchuidíonn siad go cothrom le ceann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil atá leagtha amach in Airteagal 9 den Rialachán seo, chun saobhadh iomaíochta sa mhargadh a sheachaint; agus

(k) beidh sé furasta iad a úsáid agus leagfar síos iad ar bhealach a éascaíonn deimhniú a gcomhlíonta [...]'

247 Mar réamhphointe, ba cheart a mheabhrú gur prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é prionsabal an réamhchúraim, a eascraíonn as Airteagal 11, Airteagal 168(1), Airteagal 169(1) agus (2) agus Airteagal 191(1) agus (2) CFAE, lena gceanglaítear ar na húdaráis atá i gceist, i gcomhthéacs sonrach fheidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh leis na rialacha ábhartha, bearta iomchuí a ghlacadh chun rioscaí sonracha a d'fhéadfadh a bheith ann don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht agus don chomhshaol a chosc, trí thosaíocht a thabhairt do na ceanglais a bhaineann le cosaint na leasanna sin ar leasanna eacnamaíocha (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

248 Le prionsabal an réamhchúraim, ceadaítear do na hinstitiúidí, i gcás ina bhfuil éiginnteacht eolaíoch ann maidir le rioscaí do shláinte an duine nó don chomhshaol a bheith ann nó maidir le méid na rioscaí sin, bearta cosanta a dhéanamh gan fanacht go dtí go mbeidh fírinne agus tromchúis na rioscaí sin go hiomlán follasach nó go dtí go dtiocfaidh na héifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte chun cinn (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

249 Níl cur i bhfeidhm phrionsabal an réamhchúraim teoranta do chásanna ina bhfuil éiginnteacht ann maidir le riosca a bheith ann, ach d'fhéadfadh sé tarlú freisin i gcás ina suitear gurb ann do riosca agus ní mór don Choimisiún a mheas an bhfuil an riosca sin inghlactha nó nach bhfuil, nó fiú measúnú a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart aghaidh a thabhairt air i gcomhthéacs an bhainistithe riosca (breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *Bayer CropScience agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-429/13 agus T-451/13, EU:T:2018:280, mír 340).

250 Laistigh den phróiseas as a dtagann glacadh beart iomchuí ag institiúid chun rioscaí áirithe a d'fhéadfadh a bheith ann don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht agus don chomhshaol faoi phrionsabal an réamhchúraim a chosc, is féidir idirdhealú a dhéanamh idir trí chéim i ndiaidh a chéile: ar an gcéad dul síos, na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh teacht as feiniméan a shainaithint; ar an dara dul síos, measúnú ar na rioscaí don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht agus don chomhshaol a bhaineann leis an bhfeiniméan sin; agus, ar an tríú dul síos, nuair a sháraíonn na rioscaí féideartha a shainaithnítear tairseach an mhéid atá inghlactha don tsochaí, bainistiú riosca trí bhearta cosanta iomchuí a ghlacadh (breithiúnais an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 60, agus an 21 Feabhra 2024, *PAN Europe* v *an Coimisiún*, T-536/22, faoi achomharc, EU:T:2024:98, mír 74).

251 Is éard atá sa mheasúnú ar rioscaí don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht agus don chomhshaol, i gcás na hinstitiúide a chaithfidh déileáil le héifeachtaí diúltacha a d'fhéadfadh teacht as feiniméan, measúnú eolaíoch ar na rioscaí sin agus cinneadh a dhéanamh an sáraíonn siad an leibhéal riosca a mheastar a bheith inghlactha ag an tsochaí. Dá bhrí sin, chun go mbeidh na hinstitiúidí in ann measúnú riosca a dhéanamh, tá sé tábhachtach, ar dtús, measúnú riosca eolaíoch a dhéanamh agus, anuas air sin, an leibhéal riosca a mheastar a bheith do-ghlactha don tsochaí a chinneadh (féach breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 61 agus an cásdlí dá dtagraítear).

252 Mar phróiseas eolaíoch, ní mór don institiúid an measúnú riosca eolaíoch a chur de chúram ar shaineolaithe eolaíocha (féach breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 64 agus an cásdlí dá dtagraítear).

253 Is faoi na hinstitiúidí atá freagrach as an rogha pholaitiúil maidir le leibhéal iomchuí cosanta a shocrú don chuideachta sin, faoi réir chomhlíonadh na gcaighdeán is infheidhme, atá sé an leibhéal riosca a mheastar a bheith do-ghlactha don tsochaí a chinneadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 71 agus an cásdlí dá dtagraítear).

254 Agus an leibhéal riosca a mheastar a bheith do-ghlactha don tsochaí á chinneadh, tá na hinstitiúidí faoi cheangal ag an oibleagáid atá orthu ardleibhéal cosanta don tsláinte phoiblí, don tsábháilteacht agus don chomhshaol a áirithiú. Ní gá go mbeadh an t-ardleibhéal cosanta sin ar an leibhéal is airde is féidir go teicniúil. Thairis sin, ní fhéadfaidh na hinstitiúidí sin cur chuige hipitéiseach amháin a ghlacadh i leith riosca agus ní fhéadfaidh siad a gcinntí a bhunú ar riosca nialasach (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 72 agus an cásdlí dá dtagraítear).

255 Maidir leis an athbhreithniú breithiúnach ar urramú na bprionsabal sin, chinn an Chúirt Bhreithiúnais roimhe seo nach mór a aithint go bhfuil lánrogha leathan ag an gCoimisiún agus bearta bainistithe riosca á nglacadh aige. Is éard atá i gceist leis an réimse sin, *inter alia*, roghanna polaitiúla agus measúnuithe casta. Ní féidir difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht birt arna ghlacadh sa réimse sin ach amháin más léir go bhfuil an beart míchuí (breithiúnas an 9 Meitheamh 2016, *Pesce agus páirtithe eile*, C-78/16 agus C-79/16, EU:C:2016:428, mír 49).

256 Dá bhrí sin, leanann sé ón gcásdlí go bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim i gcás ina bhfuil éiginnteacht eolaíoch ann maidir le rioscaí do shláinte an duine nó don chomhshaol a bheith ann nó maidir le méid na rioscaí sin chun a chur ar chumas na

n-institiúidí bearta cosanta a dhéanamh gan fanacht go dtí go léireofar fírinne agus tromchúis na rioscaí sin go hiomlán nó go dtí go dtiocfaidh na héifeachtaí díobhálacha ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol chun cinn.

257 Is léir freisin ón gcásdlí go n-éilítear le cur i bhfeidhm phrionsabal an réamhchúraim measúnú eolaíoch ar na rioscaí, leibhéal riosca a mheastar a bheith inghlactha a chinneadh agus, i gcás inarb iomchuí, bearta cosanta iomchuí a ghlacadh.

258 Is i bhfianaise na mbreithnithe sin nach mór argóintí Phoblacht na hOstaire a fhreagairt.

– An chéad chuid den tríú saincheist dlí, an chéad chuid den cheathrú saincheist dlí agus an cúigiú gearán sa tríú cuid den tríú saincheist dlí, lena líomhnaítear nár tugadh aird ar an leibhéal cosanta

259 Áitíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, go bunúsach, go bhfuil cuspóir na hinbhuanaitheachta comhshaoil arna saothrú leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus prionsabal an réamhchúraim i bhfabhar leibhéal níos ísle riosca inghlactha faoi Airteagal 17 den Rialachán sin agus, dá bhrí sin, i gcomparáid le forálacha na reachtaíochta traidisiúnta núicléiche, i bhfabhar leibhéal níos airde cosanta. Measann Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, nach leor na critéir scagtha theicniúla, ós rud é go dtagraíonn na critéir sin go ginearálta do rialacháin arna nglacadh de bhun Chonradh Euratom nó do ghníomhartha dlí a bhfuil feidhm ghinearálta acu ón Aontas.

260 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Bulgáire, ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Fraince, ón Ungáir, ó Phoblacht na Polainne, ó Phoblacht na Slóvaice agus ó Phoblacht na Fionlainne, na hargóintí sin a chonspóid.

261 Tá sé tábhachtach a mheabhrú, agus na critéir scagtha theicniúla á sainiú aige, go háirithe iad siúd a bhaineann le critéar DNSH, nach mór don Choimisiún prionsabal an réamhchúraim a chur san áireamh de bhun Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

262 Mar sin féin, ní shainítear le prionsabal an réamhchúraim, ann féin, leibhéal sonrach cosanta, ach is modh é lena gcuirtear ar chumas na n-institiúidí inniúla bearta cosanta a dhéanamh in ainneoin amhras eolaíoch a bheith ann maidir le riosca a bheith ann nó maidir le raon feidhme riosca (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Bealtaine 2018, *BASF Agro agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-584/13, EU:T:2018:279, mír 59 agus an cásdlí dá dtagraítear).

263 Thairis sin, maidir leis an argóint go dtacaíonn cuspóir ‘inbhuanaitheacht comhshaoil’ an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht le léiriú éilitheach ar Airteagal 17 den Rialachán sin, ba cheart a mheabhrú, de réir aithris 40 den Rialachán sin, nár ‘cheart do ghníomhaíocht eacnamaíoch cáiliú mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de más mó an dochar a dhéantar don chomhshaol dá barr ná na sochair a thugtar léi’ agus gur ‘cheart a aithint leis na critéir scagtha theicniúla na híoscheanglais is gá chun dochar suntasach do chuspóirí eile a sheachaint, lena n-áirítear trí chur le haon íoscheanglais a leagtar síos de bhun dhlí an Aontais’.

264 Is léir go léiríonn an sliocht sin ó aithris 40 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht gur mheas reachtóir an Aontais go bhféadfadh na critéir scagtha theicniúla cuspóir na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaint amach agus a bheith comhoiriúnach le prionsabal an réamhchúraim trí thagairt a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas íosta a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha.

265 Thairis sin, deimhnítear rún sin reachtóir an Aontais le hAirteagal 19(1)(d) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, lena gceanglaítear, agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú, nach mór don Choimisiún ‘aon ionstraim reachtach ábhartha de chuid an Aontais atá i bhfeidhm’ a chur san áireamh, agus le haithrisí 43 agus 44 den Rialachán sin.

266 Thairis sin, mura n-éilíonn sé é, ní chuireann an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht bac ar an gCoimisiún critéir níos cosantaí a bhunú, a théann níos faide ná na híoscheanglais a eascraíonn as caighdeáin eile de chuid dhlí an Aontais.

267 Mar sin féin, níor léirigh Poblacht na hOstaire, maidir le critéar DNSH, nár athdhearbhaíodh leis an Rialachán atá faoi chonspóid ach na ceanglais a eascraíonn as rialacha eile de dhlí an Aontais. Admhaíonn sí fiú, i mír 145 den iarratas, gur cuireadh critéir bhreise i bhfeidhm.

268 Sna himthosca sin, ní féidir a mheas gur sháraigh an Coimisiún, sa Rialachán atá faoi chonspóid, cuspóir na hinbhuanaitheachta comhshaoil, Airteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, Airteagal 19(1)(f) den Rialachán sin nó prionsabal an réamhchúraim trí thagairt a dhéanamh do chomhlíonadh rialacha ábhartha dhlí an Aontais.

269 Dá bhrí sin, tá an chéad chuid den tríú saincheist dlí, an chéad chuid den cheathrú saincheist dlí agus an cúigiú gearán den tríú cuid den tríú saincheist dlí gan bhunús.

– An dara cuid den tríú saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht

270 Áitíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, go bunúsach, go bhfuil cuimsiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach sa Rialachán atá faoi chonspóid mar thoradh ar mhainneachtain na ceanglais fianaise a eascraíonn as Airteagal 17 agus Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, arna léiriú i bhfianaise phrionsabal an réamhchúraim, a chomhlíonadh. Go háirithe, áitíonn Poblacht na hOstaire, ar an gcéad dul síos, go raibh an cinneadh maidir le comhlíontacht núicléach le critéar DNSH bunaithe ar chinneadh ó JRC ‘nár léirigh na hanailísí fianaise eolaíoch go bhfuil fuinneamh núicléach níos díobhálaí do shláinte an duine nó don chomhshaol ná teicneolaíochtaí giniúna leictreachais eile atá san áireamh cheana féin sa tacsanomaíocht mar ghníomhaíochtaí lena gcuirtear maolú ar an athrú aeráide chun cinn’. Tá cur chuige comparáideach ann maidir le fuinneamh núicléach le fuinnimh eile, rud nach bhforáiltear dó in Airteagal 17. Ar an dara dul síos, i gcomhthéacs comhlíonadh phrionsabal an réamhchúraim a fhíorú, ní critéar ábhartha é easpa fianaise eolaíoch maidir le díobháil shuntasach, agus is é an t-aon chritéar ábhartha an bhféadfaí aon amhras réasúnach maidir le díobháil den sórt sin a chur as an áireamh. Ar an tríú dul síos, tá amhras á chaitheamh ag Poblacht na hOstaire ar luach cruthúnais thuarascáil JRC ar an bhforas go bhfuil sí easnamhach agus neamhiomlán, agus go bhfuil contrárthachtaí bunúsacha aici le staidéir eolaíocha eile, agus gur comhlacht inmheánach de chuid an Choimisiúin é JRC. Caitheann sí amhras freisin ar thuarascáil JRC ar bhonn na gcáintí atá i dtuairim CERSCRTCC.

271 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Polainne, an argóint sin a dhíospóid.

272 Sa chéad áit, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é a bhí i gcur chuige JRC, arna cháineadh ag Poblacht na hOstaire, torthaí taighde a rinneadh cheana sular glacadh Rialachán Tarmligthe 2021/2139 maidir le gníomhaíochtaí eile a chur san áireamh. Mar a chuireann an Coimisiún in

iúl, mar is ceart, tá cur chuige den sórt sin comhsheasmhach le prionsabal na neodrachta teicneolaíche, a mheabhraítear i mír 112 thuas, agus ceadaítear leis measúnú riosca atá comhsheasmhach leis an measúnú a dhéantar do na gníomhaíochtaí eile sin.

273 Sa dara háit, ní féidir go n-éireoidh leis an gcáineadh ar earráid sa mheasúnú ar an gcaighdeán cruthúnais is infheidhme, sa mhéid go bhfuil tuarascáil JRC bunaithe ar easpa fianaise eolaíoch ar dhíobháil shuntasach seachas ar easpa amhras réasúnach maidir le díobháil shuntasach a bheith ann, ach oiread.

274 Leanann sé ón gcásdlí nach gceanglaítear le prionsabal an réamhchúraim gach amhras eolaíoch réasúnach maidir le damáiste don chomhshaol a bheith ann a chur as an áireamh, ós rud é gurb ionann sin agus leibhéal nialasach riosca a fhorchur ar an gCoimisiún, contrártha leis an gcásdlí (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2002, *Pfizer Animal Health* v *an Chomhairle*, T-13/99, EU:T:2002:209, mír 145).

275 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go gcomhlíonann an critéar a chuirtear san áireamh Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, nach gceanglaítear ar an gCoimisiún leis ach brath ar fhianaise eolaíoch dhochloíte.

276 Sa tríú háit, maidir leis an gcáineadh eile ar thuarascáil JRC, mar a cuireadh in iúl cheana i mír 212 thuas, ba cheart a mheabhrú go bhfuil lánrogha leathan ag an gCoimisiún maidir le rogha na staidéar eolaíoch agus maidir lena meastóireacht araon. Ní mór a thabhairt faoi deara nár léirigh Poblacht na hOstaire go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus í ag brath ar an tuarascáil sin.

277 Dá bhrí sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an gcéad dul síos, go ndéanann Poblacht na hOstaire tagairt ghinearálta do thuairim theicniúil BASE maidir le tuarascáil JRC, don tuairim easaontach laistigh den ghrúpa saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31 de Chonradh Euratom, agus do 'na tagairtí éagsúla a luaitear sna pléadálacha eile'. I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú, de réir cásdlí socair, nach faoin gCúirt atá sé ionad na bpáirtithe a ghlacadh trí iarracht a dhéanamh na heilimintí ábhartha sna doiciméid dá dtagraíonn siad a lorg (féach, chuige sin, breithiúnas an 25 Meitheamh 2020, *Siberia Oriental* v *OCVV (an tSibéir)*, T-737/18, EU:T:2020:289, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear). In éagmais sainaithint sách beacht ar na tosca a d'fhéadfadh tacú le líomhaintí Phoblacht na hOstaire, ní féidir iad sin a chur san áireamh dá bhrí sin.

278 Ar an dara dul síos, maidir leis an tagairt d'anailís CERSCRTCC, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil an bhrí a thugann Poblacht na hOstaire di ag an anailís sin. Cé gur fíor gur chuir CERSCRTCC i dtábhacht nach leor i gcónaí a bheith ag brath ar chreat rialála oibríochtúil, tháinig sé ar an gconclúid mar sin féin go raibh sé 'go forleathan i gcomhaontú le conclúid JRC nach ndéanann gníomhaíochtaí gléasraí cumhachta núicléiche dochar dosheachanta do shláinte an duine ná don chomhshaol, ar choinníoll go gcomhlíonann na gníomhaíochtaí tionsclaíocha gaolmhara na critéir scagtha theicniúla iomchuí'.

279 Ar an tríú dul síos, in aon chás, ní féidir a thuiscint ón bhfíoras gur cháin CERSCRTCC tuarascáil JRC ar phointí áirithe go raibh an Coimisiún ag brath ar fhianaise neamhchonclúideach de shárú ar phrionsabal an réamhchúraim. I bhfianaise na n-ábhar imní a chuir CERSCRTCC in iúl, maidir le neamh-leordhóthanacht an chreata rialála oibríochtúil, chuir an Coimisiún critéir bhreise san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, critéir a théann thar an leibhéal a leagtar síos le caighdeáin dhlí an Aontais atá ann cheana.

280 Ar an gceathrú dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire nach féidir a mheas go bhfuil tuarascáil JRC níos dochloíte ná staidéir eolaíocha eile, a mhéid a thagann sí ó chomhlacht inmheánach de chuid an Choimisiúin seachas ó chomhlacht neamhspleách.

281 Is leor, áfach, a thabhairt faoi deara nach dtugann Poblacht na hOstaire bunús lena maíomh gur mheas saineolaithe a bhfuil aitheantas eolaíoch acu go raibh tuarascáil JRC níos dochloíte ná staidéir eile.

282 Thairis sin, ní mhaíonn ná ní léiríonn Poblacht na hOstaire nach féidir na measúnuithe i dtuarascáil JRC a mheas mar fhianaise eolaíoch dhochloíte de réir bhrí Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

283 Dá bhrí sin, ní léiríonn argóintí Phoblacht na hOstaire nár chomhlíon an Coimisiún na ceanglais maidir le fianaise faoi Airteagal 17 agus Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, arna léiriú i bhfianaise phrionsabal an réamhchúraim.

284 I bhfianaise a bhfuil thuas, tá an dara cuid den tríú saincheist dlí gan bhunús.

– Na gearáin eile sa tríú cuid den tríú saincheist dlí agus sa dara cuid den cheathrú saincheist dlí, lena líomhnaítear mainneachtain na rioscaí a bhaineann le tionóiscí tromchúiseacha imoibreora a chur san áireamh

285 Sa tríú cuid den tríú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, go bhfuil cuimsiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach sa tacsanomaíocht bunaithe ar mhainneachtain na rioscaí a bhaineann le tionóisc thromchúiseach imoibreora a chur san áireamh agus, dá bhrí sin, go ndéanann sé dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil, de réir bhrí Airteagal 17(1)(c), (e) agus (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, maidir le huisce agus acmhainní muirí a chosaint, truailliú an chomhshaoil a chosc agus a laghdú agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú. Áitíonn Poblacht na hOstaire nach féidir na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag tionóiscí tromchúiseacha imoibreora ar na cuspóirí comhshaoil sin a chur as an áireamh. Measann sí freisin go bhfuil easnaimh san anailís agus sna forais atá leis an Rialachán atá faoi chonspóid ina leith sin. Dearbhaíonn sí freisin nach féidir leis an gCoimisiún a áitiú gur tharmlig reachtóir an Aontais chuici an chumhacht chun an riosca inghlactha don tsochaí a chinneadh agus nach bhfuil aon rogha ag an gCoimisiún maidir le prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm.

286 I gcomhthéacs an dara cuid den cheathrú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na hOstaire nach féidir, leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, trí thagairt do na forálacha agus do na caighdeáin atá ann cheana maidir le sábháilteacht núicléach, dochar suntasach a tharlaíonn mar gheall ar an mbaol go dtarlódh tionóiscí tromchúiseacha imoibreora do na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear, *inter alia*, in Airteagal 17(1)(c), (e) agus (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht (uisce agus acmhainní muirí a chosaint, truailliú a chosc agus a laghdú, bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athbhunú) a eisiamh. A mhéid a dhéantar foráil uaireanta leis na critéir scagtha theicniúla maidir le critéir bhreise, measann sí go bhfuil siad doiléir nó go n-aistríonn siad inniúlacht rialála go neamhdhleathach chuig na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta.

287 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Fraince, ón Ungáir, ó Phoblacht na Polainne, ón Rómáin, ó Phoblacht na Slóivéine agus ó Phoblacht na Slóvaice, na hargóintí sin a chonspóid.

288 Mar réamhphointe, ní mór a lua nach féidir comhlíonadh chritéar DNSH a fhíorú *in abstracto*, ach i bhfianaise na gcritéar scagtha teicniúil a leagtar síos sa Rialachán atá faoi chonspóid.

289 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 3(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go measfar gníomhaíocht eacnamaíoch a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, *inter alia*, mura ndéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch sin dochar suntasach do cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán sin, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán sin.

290 Leanann sé, go háirithe, ó Airteagal 17(1)(c), (e) agus (f) agus aithrisí 34 agus 40 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, chun cáiliú mar ghníomhaíocht atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, nár cheart do ghníomhaíocht eacnamaíoch ar leith dochar suntasach a dhéanamh d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, is é sin le rá, dochar a sháraíonn rannchuidiú na gníomhaíochta sin le cuspóir comhshaoil.

291 Ina theannta sin, ní mór a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos le haghaidh gach gníomhaíochta nach ndéanann an ghníomhaíocht sin aon dochar suntasach d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil a leagtar amach sa Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

292 Chuige sin, mar is léir ó mhíreanna 263 go 265 den bhreithiúnas seo, ní mór ceanglais íosta riachtanacha a leagan síos leis na critéir scagtha theicniúla, go háirithe trí bheith ag brath ar aon íoscheanglais a leagtar síos i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais, lena n-áirítear, go háirithe, Treoir 2009/71/Euratom ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le sábháilteacht núicléach suiteálacha núicléacha (IO 2009 L 172, lch. 18), gan cosc a chur ar dhul níos faide ná na ceanglais sin.

293 Thairis sin, tugann an tagairt do dhíobháil shuntasach le tuiscint go bhfuil comhlíonadh chritéar DNSH beartaithe chun cosc a chur ar dhíobháil arb é is príomhthréith di tromchúis áirithe a sháraíonn rannchuidiú na gníomhaíochta lena mbaineann le maolú ar an athrú aeráide.

294 Tugtar le tuiscint leis an tagairt sin freisin, i gcás ina n-eascraíonn an díobháil shuntasach atá beartaithe don chomhshaol as riosca tionóisce, go mbaineann leibhéal áirithe dóchúlachta leis an riosca sin.

295 Chun freagra a thabhairt ar argóintí Phoblacht na hOstaire, is gá, dá bhrí sin, scrúdú a dhéanamh an bhfuil na hargóintí sin in ann a léiriú, trí na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach a áireamh sa tacsanomaíocht, gur thug an Coimisiún neamhaird ar an riosca go mbeadh tionóisc thromchúiseach imoibreora ann agus, dá bhrí sin, go ndearna sé dochar suntasach do na cuspóirí comhshaoil arna sainaithint ag Poblacht na hOstaire agus, agus na critéir scagtha theicniúla á mbunú aige chun an riosca sin a chosc, nár shainigh an Coimisiún na híoscheanglais is gá chun dochar suntasach do na cuspóirí sin a sheachaint.

296 Ar an dara dul síos, tá comhthuiscint idir na páirtithe, cé go bhfuil leibhéal íseal éiginnteachta ag baint le tromchúis na n-iarmhairtí a bhaineann le tionóisc imoibreora a d'fhéadfadh a bheith ann, go bhfuil an dóchúlacht go dtarlódh tionóisc den sórt sin thar a bheith éiginnte. Dá bhrí sin, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 248 den bhreithiúnas seo, is i bhfianaise na héiginnteachta sin maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh tionóisc thromchúiseach imoibreora atá sé beartaithe feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim.

297 I ndáil leis sin, measadh nach féidir glacadh birt choiscthigh nó, os a choinne sin, a tharraingt siar nó a mhaolú a bheith coinníollach ar chruthúnas nach bhfuil aon bhaol ann, ós rud é nach féidir, go ginearálta, cruthúnas den sórt sin a sholáthar ó thaobh na heolaíochta de ós rud é nach ann do leibhéal nialasach riosca sa chleachtas (breithiúnas an 12 Aibreán 2013, *Du Pont de Nemours (an Fhrainc) agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, T-31/07, nár foilsíodh, EU:T:2013:167, mír 140; féach freisin, chuige sin, breithiúnas an 21 Deireadh Fómhair 2003, *Solvay Pharmaceuticals* v *an Chomhairle*, T-392/02, EU:T:2003:277, mír 130).

298 Sa chás sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh saineolaithe eolaíocha measúnú riosca eolaíoch in ainneoin na héiginnteachta eolaíche atá fós ann, ionas go mbeidh faisnéis atá iontaofa agus láidir go leor ag an údarás poiblí inniúil chun raon feidhme iomlán na ceiste eolaíche a ardaíodh a thuiscint agus a bheartas a chinneadh agus láneolas aige ar na fíorais (breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2011, *an Fhrainc* v *an Coimisiún*, T-257/07, EU:T:2011:444, mír 77; féach freisin, chuige sin, breithiúnais an 11 Meán Fómhair 2002, *Pfizer Animal Health* v *an Chomhairle*, T-13/99, EU:T:2002:209, míreanna 160 go 163, agus an 11 Meán Fómhair 2002, *Alpharma* v *an Chomhairle*, T-70/99, EU:T:2002:210, míreanna 173 go 176).

299 I gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 255 thuas, is gá ansin a fháil amach an bhfuil argóintí Phoblacht na hOstaire in ann a léiriú go raibh cuimsiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach agus cinneadh na gcritéar maidir le scrúdú teicniúil mícheart go follasach i bhfianaise an riosca go mbeadh tionóisc thromchúiseach imoibreora ann.

300 Sa chéad áit, braitheann Poblacht na hOstaire ar Theachtaireacht COM(2000) 1 final ón gCoimisiún an 2 Feabhra 2000 maidir le prionsabal an réamhchúraim a úsáid chun a mhaíomh nach féidir measúnú riosca i bhfianaise phrionsabal an réamhchúraim a bhunú ar an dóchúlacht go dtarlódh teagmhas amháin, ach gur cheart go gcuirfí san áireamh freisin tromchúis a iarmhairtí, ar iarmhairtí eisceachtúla iad i gcás tionóiscí imoibreora.

301 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbraitheann na hiarmhairtí tromchúiseacha don duine agus don chomhshaol agus an damáiste a shainaithin Poblacht na hOstaire ar an dóchúlacht go dtarlódh tionóisc thromchúiseach imoibreora.

302 Ní chaitear amhras ar an léiriú sin i dTeachtaireacht COM(2000) 1 final, a mhéid a dhéantar foráil sa teachtaireacht sin freisin maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh riosca a chur san áireamh chun an riosca sin a mheas.

303 Dá bhrí sin, chun measúnú a dhéanamh ar an riosca go dtarlódh tionóisc thromchúiseach, ní mór an dóchúlacht íseal go dtarlódh tionóisc thromchúiseach a chur san áireamh, rud a aithníonn Poblacht na hOstaire i mír 98 den iarratas, agus a thromchúisí atá iarmhairtí féideartha tionóisce den sórt sin.

304 Sa dara háit, measann Poblacht na hOstaire nach dtéann tuarascáil JRC sách fada a mhéid a ghlactar leis go bhfuil an dóchúlacht go dtarlódh tionóisc thromchúiseach hipitéiseach imoibreora is cúis le bás 30 000 duine an-íseal, cé go bhfuil staidéar staidrimh níos déanaí ann (Wheatley, S., Sovacool, B. agus Sornette, D., ‘Reassessing the safety of nuclear power’ (Athmheasúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na cumhachta núicléiche), *Energy Research & Social Science*, Elsevier, 2016, iml. 15, lgh. 96 go 100, go háirithe lch. 99), nach bhfuil luaite ag JRC, a mheasann, ar an gcéad dul síos, in ainneoin na bhfeabhsuithe uile ar chaighdeáin sábháilteachta, gurb é 50 % an dóchúlacht go dtarlóidh tionóisc thromchúiseach imoibreora gach 60 go 150 bliain

agus, ar an dara dul síos, má chuirtear scála na n-iarmhairtí san áireamh, go bhfuil riosca sóisialta comhiomlán an fhuinnimh núicléach fós ard. Is é an tátal a bhaintear as sin go bhfuil éiginnteachtaí suntasacha fós ann.

305 A mhéid a bhaineann le dóchúlachtaí tionóiscí imoibreora a chinneadh, mheas JRC an méid seo a leanas ina thuarascáil:

‘Tarlaíodh croíthionóiscí comhleá móra i ngléasraí cumhachta núicléiche agus tá an pobal ar an eolas go maith faoi iarmhairtí na dtrí mhórthionóisc, eadhon Three Mile Island (1979, Stáit Aontaithe Mheiriceá,), Searnóbail, (1986, an tAontas Sóivéadach) agus Fukushima (2011, an tSeapáin). Bhí na gléasraí cumhachta núicléiche a raibh baint acu leis na timpistí sin de chineálacha éagsúla [...] agus bhí na cúinsí ba chúis leis na teagmhais sin an-difriúil freisin. Is teagmhais iad tionóiscí tromchúiseacha a bhfuil dóchúlacht an-íseal ag baint leo ach a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ag baint leo agus ní féidir iad a eisiamh le cinnteacht 100 %.’

306 Mheas JRC freisin gur beag seans go dtarlódh timpiste i ngléasra cumhachta núicléiche Ghlúin III.

307 Ní leor, dá bhrí sin, an dóchúlacht sin a dhíospóid leis an staidéar a rinne Poblacht na hOstaire chun earráid fhollasach measúnaithe a thréithriú, ós rud é, i gcomhréir leis an gcásdlí dá dtagraítear i mír 212 den bhreithiúnas seo, go bhfuil lánrogha leathan ag an gCoimisiún maidir le meastóireacht a dhéanamh ar staidéir eolaíocha.

308 Is amhlaidh is mó fós ós rud é go bhfuil an cás a thuairiscítear sa staidéar a luaigh Poblacht na hOstaire bunaithe ar an toimhde, nach bhfuil inchomparáide leis an toimhde a beartaíodh i dtuarascáil JRC, go mbeadh 388 n-imoibreoir i bhfeidhm agus nach ndéanfaí aon fheabhsú tar éis thimpiste Fukushima.

309 Thairis sin, níor léirigh Poblacht na hOstaire gur sháraigh an Coimisiún a lánrogha maidir leis an leibhéal riosca a mheastar a bheith inghlactha ag an tsochaí a chinneadh.

310 Ina theannta sin, cáineann Poblacht na hOstaire tuarascáil JRC as tagairt a dhéanamh do chomparáidí leis an mbaol go mbrisfeadh dambaí agus le híospartaigh an truaillithe aeir, an tobac nó an tráchta ar bhóithre, agus as gan déileáil le hiarmhairtí fadtéarmacha tionóiscí imoibreora ar shaol an duine.

311 Mar sin féin, mar is léir ó thuarascáil JRC, is é is aidhm do na comparáidí sin líon na dtaismeach a chur i gcomhthéacs gníomhaíochtaí daonna eile chun aird a tharraingt ar dhifríochtaí i mbraistintí riosca. Ina theannta sin, shoiléirigh JRC go bhfuil sé deacair na hiarmhairtí fadtéarmacha ar shaol an duine a thomhas, agus d’aithin sé a dtábhacht ag an am céanna.

312 Déanann Poblacht na hOstaire gearán freisin nach gcuirtear san áireamh go leordhóthanach i dtuarascáil JRC na héifeachtaí ar an gcomhshaol, cé gur cheart iad a chur san áireamh faoi Airteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Dá bhrí sin, theip ar thuarascáil JRC scrúdú a dhéanamh ar ghnéithe cinntitheacha, amhail scrúdú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil tionóiscí imoibreora amhail Fukushima.

313 I ndáil leis sin, áfach, ar leathanaigh 105 agus 121 dá thuarascáil, rinne JRC tagairt don tuarascáil ó Choiste eolaíoch na Náisiún Aontaithe maidir le héifeachtaí na radaíochtaí adamhacha (‘Levels and effects of radiation exposure due to the accident at the Fukushima Daiichi Nuclear Power

Station: implications of information published since the UNSCEAR 2013 Report' ('Leibhéil agus éifeachtaí an nochta radaíochta de dheasca na tionóisce ag Stáisiún Cumhachta Núicléiche Fukushima Daiichi: impleachtaí na faisnéise a foilsíodh ó Thuarascáil UNSCEAR 2013'), *Sources, Effects and Risks of Ionizing Radiation, UNSCEAR 2020 Report*, 2021, Iml. II, Iarscríbhinn B) (*Foinsí, Éifeachtaí agus Rioscaí a bhaineann le Radaíocht Ianúcháin*,), ina bpléitear éifeachtaí comhshaoil thimpiste Fukushima agus a cuireadh san áireamh ina anailís.

314 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil tuarascáil JRC neamhiomlán ina leith sin.

315 Thairis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach faoi réir creat dian i ndlí an Aontais, creat arb é is aidhm dó an dóchúlacht go dtarlódh tionóiscí tromchúiseacha imoibreora agus tromchúis na dtionóiscí sin do shláinte an duine agus don chomhshaol a laghdú.

316 I ndáil leis an méid sin, tagraíonn na critéir scagtha theicniúla go sainráite do rialacha uile an Aontais maidir le sábháilteacht núicléach, chomh maith leis an treoir idirnáisiúnta is déanaí ón nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) agus ón gComhlachas Eorpach Rialaitheoirí um Shábháilteacht Núicléach (WENRA).

317 Thairis sin, ní chuireann Poblacht na hOstaire argóintí níos sonraí chun cinn chun a léiriú go ndéanann gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach dochar do dhea-stádas éiceolaíoch dobharlach nó uiscí mara, go bhfuil méadú suntasach ar astaíochtaí truailleán in uisce, san aer nó san ithir mar thoradh orthu, nó go ndéanann siad dochar do dhea-stádas agus d'athléimneacht éiceachóras nó do stádas caomhnaithe gnáthóg nó speiceas, de réir bhrí Airteagal 17(1)(c), (e) agus (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

318 Dá réir sin, ní léiríonn argóintí Phoblacht na hOstaire go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é ag cinneadh, i gcomhthéacs rialacha an Aontais maidir le sábháilteacht núicléach dá dtagraítear sa Rialachán atá faoi chonspóid, gur comhlíonadh critéar DNSH agus, go háirithe, nár suíodh go ndearna na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach dochar do dhea-stádas éiceolaíoch dobharlach nó uiscí mara, rud a d'fhág gur tháinig méadú suntasach ar astaíochtaí truailleán isteach san uisce, san aer nó san ithir, nó go ndearna siad dochar do dhea-stádas agus d'athléimneacht éiceachóras nó do stádas caomhnaithe gnáthóg nó speiceas de réir bhrí Airteagal 17(1)(c), (e) agus (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

319 Sa tríú háit, a mhéid a bhaineann leis na 'heasnaimh san anailís agus na forais' líomhnaithe, chomh maith leis an gcáineadh a rinneadh ar thuarascáil JRC, measann Poblacht na hOstaire gur cheart measúnú a bheith déanta sa tuarascáil sin ar na héifeachtaí díobhálacha ar chuspóirí comhshaoil de bharr tionóiscí tromchúiseacha imoibreora agus a n-iarmhairtí ar an tsláinte, go háirithe trí na staidéir chriticiúla reatha ar dhóchúlacht tionóiscí a chur san áireamh, ós rud é gur gnéithe cinntitheacha iad sin i gcomhthéacs Airteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Is é tátal Phoblacht na hOstaire as sin go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail mar gheall ar mhainneachtain cúiseanna a lua.

320 Go háirithe, agus í ag brath ar thuarascáil CERSCRTCC, déanann Poblacht na hOstaire gearán nár thug JRC aird leordhóthanach ar éifeachtaí na radaíochta radaighníomhaí ar an gcomhshaol i gcás scaoileadh dáileog ard radaíochta den sórt sin tar éis timpiste imoibreora.

321 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara, mar a chuireann Poblacht na hOstaire in iúl i mír 100 den iarratas, gur admhaigh JRC go sainráite ina thuarascáil go mbeadh iarmhairtí tromchúiseacha ag tionóisc thromchúiseach imoibreora ar an duine agus ar an gcomhshaol.

322 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil tuarascáil JRC earráideach ná neamhiomlán a mhéid a bhaineann le hiarmhairtí tionóisce tromchúisí imoibreora ar an gcomhshaol.

323 Thairis sin, cé nár chinn JRC leibhéal dóchúlachta maidir le tionóisc imoibreora atá comhionann leis an leibhéal a ndearnadh measúnú uirthi sna staidéir a luaigh Poblacht na hOstaire, ní leor é sin chun a léiriú go bhfuil an tuarascáil sin neamhiomlán nó mícheart.

324 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil an tuarascáil ar ar bhraith an Coimisiún neamhiomlán nó mícheart ina leith sin.

325 Ina theannta sin, mar is léir ó aithris 7 den Rialachán atá faoi chonspóid, ina dtagraítear do thuarascáil JRC agus dá bhrí sin, atá mar chuid den ráiteas ar chúiseanna an Rialacháin atá faoi chonspóid i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 216 den bhreithiúnas seo, thug an Coimisiún cúiseanna leordhóthanacha lena mheasúnú nach ndearna an fuinneamh núicléach dochar suntasach do na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 17(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht i bhfianaise na rioscaí a bhaineann le timpistí tromchúiseacha imoibreora. I ndáil leis sin, ní mór diúltú d'argóint Phoblacht na hOstaire go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag 'easnaimh san anailís agus sna forais' a mhéid a rinneadh measúnú i dTuarascáil JRC ar thionchar tionóiscí tromchúiseacha imoibreora trína anailís a dhíriú ar bhásanna daoine, agus trí thionchair dhíreacha agus indíreacha eile a eisiamh atá níos deacra a mheas, lena n-áirítear tionchar ar an gcomhshaol, ar na forais a leagtar amach i mír 313 den bhreithiúnas seo.

326 Sa cheathrú háit, maidir leis na critéir scagtha theicniúla, ní mór a mheas nár léirigh Poblacht na hOstaire go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é ag brath ar chaighdeáin an Aontais maidir le cosaint sláinte agus comhshaoil, arb é is aidhm dóibh ardleibhéal cosanta a bhaint amach, gur féidir na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 17(1)(c), (e) agus (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil a eisiamh de réir bhrí an Airteagal 17 sin.

327 Ina theannta sin, luann Poblacht na hOstaire, mar shampla, na critéir scagtha theicniúla is infheidhme maidir le céimeanna réamhthráchtála na n-ardteicneolaíochtaí, lena bhforáiltear, *inter alia*, nach mór fógra a bheith tugtha don Choimisiún faoin tionscadal agus nach mór don Choimisiún a thuairim a thabhairt ina leith ionas go ndéanfar na critéir scagtha theicniúla 'a rialáil ar bhealach sásúil' ansin. Measann sé go bhfuil an ceanglas sin ródhoiléir.

328 Mar a áitíonn an Coimisiún, áfach, ní féidir measúnú a dhéanamh ar an gcritéar scagtha teicniúil sin go neamhspleách ar na critéir scagtha eile go léir. Os a choinne sin, tá sé beartaithe go sonrach go gcuirfear ar chumas an Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na gcritéar scagtha teicniúil uile, ionas nach féidir a mheas go bhfuil sé ródhoiléir.

329 Ina theannta sin, cuireann Poblacht na hOstaire in iúl, i gcás suiteálacha nua, go sainítear an critéar measúnaithe a bhaineann go sonrach le rioscaí tionóisce mar a leanas, i bpointe 2 de na critéir ghinearálta i Roinn 4.27: d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid: 'Chun críoch an tionscadail, bainfear úsáid as an teicneolaíocht is fearr atá ar fáil agus, ó 2025 ar

aghaidh, as breosla atá frithsheasmhach in aghaidh tionóiscí. Déanfaidh an t-údarás náisiúnta sábháilteachta teicneolaíocht a dheimhniú agus a fhormheas'. Measann sé nach féidir díobháil shuntasach do chuspóirí comhshaoil a chur as an áireamh leis an bhfoclaíocht sin.

330 Ar an gcéad dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire nach sainmhínítear coincheap na teicneolaíochta is fearr atá ar fáil, agus mar thoradh air sin go bhfuil sé ródhoiléir.

331 I ndáil leis sin, ní mór a mheas, mar a chuireann an Coimisiún in iúl, go bhfuil sé de bhuntáiste ag critéar na teicneolaíochta is fearr atá ar fáil go bhféadfaí forbairtí eolaíocha agus teicneolaíocha nua a chur san áireamh i gcomhréir leis an gcur chuige maidir le hoscailteacht theicneolaíoch. Dá bhrí sin, i gcomhréir le pointe 5 de Roinn 4.27 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, ó 2025 ar aghaidh agus gach 10 mbliana ar a laghad, tá an Coimisiún le hathbhreithniú a dhéanamh ar na paraiméadair theicniúla a chomhfhreagraíonn don teicneolaíocht is fearr atá ar fáil.

332 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, murab ionann agus an méid a áitíonn Poblacht na hOstaire, go sainmhínítear coincheap na teicneolaíochta is fearr atá ar fáil san abairt réamhráiteach de Roinn 4.27 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid mar theicneolaíochtaí atá go hiomlán i gcomhréir le ceanglais Threoir 2009/71 agus a chomhlíonann go hiomlán na paraiméadair theicniúla is déanaí de chaighdeáin IAEA agus de chuspóirí sábháilteachta agus leibhéil tagartha WENRA.

333 Ar an dara dul síos, maidir leis an gcoinníoll eile, a bhaineann le húsáid éigeantach breosla atá frithsheasmhach in aghaidh tionóiscí ('ATF') ó 2025, áitíonn Poblacht na hOstaire go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag contrárthacht bhunúsach, sa mhéid nach gceanglaítear ATF ach amháin le haghaidh suiteálacha nua agus seansuiteálacha ó 2025 ar aghaidh, ach ní le haghaidh suiteálacha réamhthráchtála (Roinn 4.26 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid). Dá bhrí sin, a mhéid a ghlacann an Coimisiún leis go bhfuil gá le ATF le haghaidh suiteálacha nua, chun damáiste suntasach mar thoradh ar thionóiscí núicléacha a chosc, ba cheart dó a éileamh freisin go mbeadh an breosla céanna ann do seansuiteálacha roimh 2025 agus do shuiteálacha réamhthráchtála.

334 Ní mór a lua, áfach, nach bhfuil an fíoras nach bhforáiltear don chritéar sin maidir leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch dá dtagraítear i Roinn 4.26 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid ag teacht salach ar a chéile. Go deimhin, a mhéid a bhaineann an roinn sin le taighde agus forbairt neamhthráchtála ('réamhthráchtála') saoráidí giniúna cumhachta nuálacha, a bhfuil sé mar chuspóir acu teicneolaíochtaí nach fios fós a fhiosrú, ní dhearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus cinneadh á dhéanamh aige gan ceanglais a fhorchur a bhaineann le húsáid breosla.

335 Ar an tríú dul síos, cuireann Poblacht na hOstaire in iúl go bhfuil coincheap ATF ródhoiléir, a mhéid atá ATF á fhorbairt agus nach bhfuil aon chritéir ná caighdeáin ann a nglactar leo ar an leibhéal idirnáisiúnta nó ar leibhéal an Aontais chun iad a shainiú. In éagmais sainmhíniú ar ATF, ní fhéadfaí a n-ábharthacht slándála a thuiscint go teicniúil, go háirithe ós rud é nach bhfuil aon léiriú ann ach oiread ar chritéir íosta ATF a d'fhéadfadh a bheith ann nó, mar riail ghinearálta, ar chomhthoil maidir leis an sainmhíniú ar ATF ar an leibhéal náisiúnta, mar sin ní féidir a thuar an mbeidh siad ar fáil faoi 2025 agus an ndéanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta iad a dheimhniú agus a údarú. Thairis sin, fágtar na critéir mheastóireachta faoi rogha na mBallstát agus ní féidir le

húsáid breoslaí den sórt sin an riosca go scaoilfí radaighníomhaíocht a laghdú ach amháin i gcás tionóisce, agus ní féidir iad a bhaint, d'ainneoin foirmliú míthreorach breoslaí 'atá frithsheasmhach in aghaidh tionóiscí'.

336 Mar sin féin, is gá diúltú don mhaíomh go bhfuil critéar ATF doiléir, ós rud é, mar a áitíonn an Coimisiún, go dtagraíonn coincheap ATF do chatagóir breosla ar a bhfuil ciorcail speisialaithe ar eolas.

337 Ar an gceathrú dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire go bhfuil sé ar neamhréir le hAirteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht rioscaí slándála a shainaithint go cinntitheach agus a cheangal go gcuirfear deireadh leo amach anseo (trí ATF a úsáid), agus ag an am céanna glacadh le haicmiú mar inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de chun críocha an Rialacháin sin.

338 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt roimhe sin, mar chuid dá lánrogha leathan, go bhféadfadh an Coimisiún foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhsí in ionstraim dhlíthiúil tharmligthe (féach, chuige sin, breithiúnas an 20 Nollaig 2023, *Landesbank Baden-Württemberg* v *BRA*, T-389/21, EU:T:2023:827, míreanna 231 go 233). Dá bhrí sin, a mhéid atá lánrogha leathan ag an gCoimisiún maidir leis na critéir scagtha theicniúla a bhunú, bhí sé in ann foráil a dhéanamh nach mbeadh feidhm ag an gceanglas sin ach amháin in 2025 chun an t-am is gá a thabhairt d'údaráis náisiúnta agus d'oibreoirí eacnamaíocha chun oiriúnú don critéar sin, go háirithe ós rud é nár údaraíodh aon ATF go fóill. Dá bhrí sin, ní dhearna sé earráid fhollasach measúnaithe ina leith sin.

339 Ar an gcúigiú dul síos, maíonn Poblacht na hOstaire nach gceadaítear leis an Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ná leis an gcúram a cuireadh de chúram ar an gCoimisiún critéir scagtha theicniúla a leagan síos cúram a chur ar na húdaráis náisiúnta ATF a fhormheas agus a dheimhniú, gan caighdeáin aonfhoirmeacha a leagan síos ar leibhéal an Aontais, ós rud é nach gceadaítear leis na forálacha cumasúcháin a leagtar síos in Airteagal 10(2), Airteagal 11(3) agus Airteagal 23 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, chun críche rialacháin tharmligthe a ghlacadh, sainiú na gcritéar deimhniúcháin a aistriú chuig na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta.

340 Ní mór diúltú don ghearán sin lena líomhnaítear tagairt d'inniúlacht na n-údarás náisiúnta i réimse an deimhnithe agus an údaraithe, a mhéid nach gcuirtear i bhfeidhm leis an Rialachán atá faoi chonspóid ach na rialacha inniúlachta atá i bhfeidhm maidir le breoslaí a údarú.

341 Ar deireadh, a mhéid a bhaineann leis na seansuiteálacha, cuireann Poblacht na hOstaire in iúl go sainmhínítear an critéar scagtha teicniúil atá ábhartha do rioscaí tionóiscí mar a leanas: 'Cuireann sé chun feidhme leis an tionscadal nuachóirithe aon fheabhsú sábháilteachta is indéanta le réasún agus, ó 2025 ar aghaidh, úsáideann sé [ATF;] déanann an t-údarás náisiúnta sábháilteachta an teicneolaíocht a dheimhniú agus a fhormheas'.

342 Cáineann Poblacht na hOstaire, ar dtús, go laghdaítear na ceanglais sábháilteachta le haghaidh seansuiteálacha i gcomparáid le suiteálacha nua sa mhéid, i gcás seansuiteálacha, nach ndéantar ach foráil maidir le 'go gcuirfidh an tionscadal nuachóirithe gach feabhsú sábháilteachta a d'fhéadfadh a bheith ann go réasúnta chun feidhme' agus, anuas air sin, nach dtugann na critéir scagtha theicniúla aghaidh ar na coinníollacha chun suiteáil atá ann cheana a bhunú, atá tábhachtach ó thaobh an athraithe aeráide de. Is é tátal Phoblacht na hOstaire, i gcás seansuiteálacha, go bhfuil na critéir maidir le measúnú teicniúil easnamhach agus nach gcuireann siad cosc ar dhíobháil shuntasach.

343 I ndáil leis sin, agus ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i míreanna 263 go 265 den bhreithiúnas seo, ba cheart a mheabhrú nach mór a leagan síos leis na critéir scagtha theicniúla na híoscheanglais is gá chun dochar suntasach do chuspóirí eile a sheachaint, go háirithe trí bheith ag brath ar aon íoscheanglais a leagtar síos de bhun dhlí an Aontais. Ós rud é go bhfuil an critéar 'aon fheabhsú sábháilteachta atá go réasúnta indéanta' i nginiúint leictreachais ó fhuinneamh núicléach i suiteálacha atá ann cheana féin ceangailte faoi Airteagal 6(c) agus le hAirteagal 8a(2)(b) de Threoir 2009/71, arna leasú le Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle an 8 Iúil 2014 (IO 2014 L 219, lch. 42), arna leasú le Treoir 2014/87/Euratom ón gComhairle an 8 Iúil 2014 (IO 2014 L, lch. 42) ní féidir a mheas go bhfuil úsáid an chritéir sin i bpointe 2 de Roinn 4.28 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid contrártha d'Airteagal 17(1)(c), (e) agus (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

344 Ní féidir a thuiscint ón méid sin ach oiread, i gcás seansuiteálacha, nach gcuireann na critéir scagtha theicniúla cosc ar dhíobháil shuntasach, a mhéid a fhorchuirtear leis an gcritéar sin an ceanglas céanna agus a fhorchuirtear le Treoir 2009/71.

345 Dá bhrí sin, ní léirítear leis na hargóintí a chuir Poblacht na hOstaire chun cinn go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é á mheas go bhfágann na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid gur féidir a eisiamh, trí thagairt a dhéanamh d'fhorálacha agus do chaighdeáin sábháilteachta atá ann cheana, go ndéantar dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de dheasca an riosca go dtarlódh timpistí tromchúiseacha imoibreora.

346 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, tá an tríú cuid den tríú saincheist dlí agus an dara cuid den cheathrú saincheist dlí gan bhunús.

– An ceathrú cuid den tríú saincheist dlí agus an tríú cuid den cheathrú saincheist dlí, lena líomhnaítear neamhaird ar na rioscaí a bhaineann le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil

347 Sa cheathrú cuid den tríú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, go bhfuil cuimsiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach sa tacsanomaíocht bunaithe ar mhainneachtain na rioscaí a eascraíonn as dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil a chur san áireamh, ar rioscaí iad a bhaineann an bonn go mór ó na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 17(1)(c) go (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Áitíonn sí freisin go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag 'neamhdhóthanacht anailíse' agus ag réasúnaíocht neamhleor ina leith sin.

348 Sa tríú cuid den cheathrú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na hOstaire nach leor na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid chun cosc a chur ar dhiúscairt deiridh dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil dochar suntasach a dhéanamh do na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 17(1)(c) go (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

349 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Seice, ó Phoblacht na Fraince, ón Ungáir, ó Phoblacht na Polainne, ón Rómáin, ó Phoblacht na Slóvaice agus ó Phoblacht na Fionlainne, na hargóintí sin a chonspóid.

350 Tá sé tábhachtach a mheabhrú, faoi Airteagal 17(1)(d) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, agus saolré na dtáirgí agus na seirbhísí a sholáthraítear le gníomhaíocht eacnamaíoch á cur san áireamh, lena n-áirítear fianaise ó mheasúnuithe saolré atá ann cheana, go meastar go ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach don gheilleagar ciorclach, lena n-áirítear dramhaíl a chosc agus a athchúrsáil, i gcás:

‘(i) ina mbíonn neamhéifeachtúlachtaí suntasacha i gceist maidir le húsáid ábhar agus úsáid dhíreach nó indíreach acmhainní nádúrtha amhail foinsí fuinnimh neamh-inathnuaite, amhábhair, uisce agus talamh ag céim amháin nó níos mó de shaolré táirgí de bharr na gníomhaíochta sin, lena n-áirítear i dtéarmaí marthanacht, indeisithiteacht, in-uasghrádaitheacht, in-athúsáidteacht nó in-athchúrsáilteacht táirgí;

(ii) ina dtagann méadú suntasach ar ghiniúint, loscadh nó diúscairt dramhaíola de bharr na gníomhaíochta sin, cé is moite de dhramhaíl ghuaiseach nach bhfuil in-athchúrsáilte a loscadh, nó

(iii) ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar suntasach fadtéarmach a dhéanamh don chomhshaol’.

351 I ndáil leis sin, ba cheart a shoiléiriú nach mór scrúdú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach le critéar DNSH i bhfianaise na gcritéar scagtha teicniúil a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le dramhaíl radaighníomhach.

352 Ní mór a thabhairt faoi deara freisin, tar éis dó cur síos agus anailís a dhéanamh, *inter alia*, ar na hardtionscadail chun stórtha doimhne geolaíocha (‘DGPanna’) a fhorbairt sa tSualainn, san Fhionlainn agus sa Fhrainc, gur tháinig JRC ar an gconclúid seo a leanas ina thuarascáil:

‘Tá comhdhearcadh ginearálta ann sa phobal eolaíochta gurb é diúscairt gheolaíoch dhomhain an réiteach fadtéarmach is sábháilte le haghaidh breosla núicléach spíonta agus dramhaíl an-radaighníomhach. Tá DGPanna bunaithe ar mheascán ilbhacainní ina bhfuil bacainní saorga agus nádúrtha araon. Áirithítear oibriú sábháilte saoráidí stórála geolaíocha trí chórais theicniúla ghníomhacha agus rialuithe oibríochtúla. Deartar saoráidí stórála le bheith sábháilte go héighníomhach tar éis a ndúnta. Tá DGPanna ceaptha chun a áirithiú go mbeidh an sceitheadh radaighníomhach féideartha a tharlóidh amach anseo i bhfad faoi bhun na huasteorann dáileoige ceadaithe a leagtar síos sna rialacháin ábhartha, a bhfuil ord méide acu atá faoi bhun na leibhéal dáileoige cúlra nádúrtha, agus lena n-áirithítear nach ndéanfaidh stóráil aon damáiste suntasach do dhaoine. Níl DGP i bhfeidhm faoi láthair, ach tar éis 40 bliain de thaighde agus d’fhorbairt theicneolaíoch, tá sé beartaithe roinnt taiscí a thógáil agus a oibriú le linn na ndeich mbliana reatha.’

353 Sa chéad áit, tar éis a shonrú go ngineann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach a leagtar amach sa Rialachán atá faoi chonspóid cainníochtaí suntasacha dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil, ar féidir a ré a laghdú go leibhéal inghlactha radatocsaineachta de réir na gcéadta míle bliain, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire, go bunúsach, nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh úsáid mhéadaithe acmhainní stórála sealadaí damáiste tromchúiseach a dhéanamh don chomhshaol, ós rud é go n-eascraíonn ábhair imní sábháilteachta as a n-úsáid thar an tréimhse a beartaíodh ar dtús, mar a fuair JRC ina

thuarascáil. Áitíonn sí freisin, go bunúsach, fiú má tá fáil leordhóthanach ar DGP, go bhféadfadh diúscairt dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil damáiste suntasach a dhéanamh don chomhshaol fós.

354 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go mbunaítear le Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí (IO 2011 L 199, lch. 48), faoi Airteagal 1(1) de, creat arb é is aidhm dó, ar leibhéal dhlí an Aontais, bainistiú freagrach agus sábháilte breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí a áirithiú ionas nach gcuirfear ualaí iomarcacha ar na glúnta atá le teacht. Ina theannta sin, faoi Airteagal 1(2), tá sé le háirithiú go bhfuil na Ballstáit le forálacha náisiúnta iomchuí a ghlacadh chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú i mbainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí chun oibrithe agus an pobal i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a eascraíonn as radaíocht ianúcháin.

355 Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go dtagraíonn na critéir scagtha theicniúla in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, a bhfuil feidhm acu maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le fuinneamh núicléach, do Threoir 2011/70.

356 Go háirithe, ní mór a mheabhrú, mar a chuireann an Coimisiún in iúl, maidir leis na bearta maolaithe ar an athrú aeráide dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, go bhforchuirtear leis an Rialachán sin, i mír 1(e) agus (f), critéir scagtha theicniúla maidir le rannchuidiú substaintiúil Ranna 4.26, 4.27 agus 4.28 d'Iarscríbhinn I, a leagtar amach sa Rialachán atá faoi chonspóid, go bhfuil saoráidí diúscartha oibríochtúla ag an mBallstát, ar dtús, le haghaidh dramhaíl radaighníomhach an-íseal, leibhéal íseal agus idirmheánach, i.e. le haghaidh níos mó ná 99 % de dhramhaíl radaighníomhach, agus anuas air sin, plean doiciméadaithe ina sonraítear na céimeanna do shaoráid diúscartha dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil faoi 2050.

357 Sna himthosca sin, ní léirítear le hargóint Phoblacht na hOstaire, nach féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh úsáid mhéadaithe acmhainneachta diúscartha sealadaí dochar suntasach a dhéanamh don chomhshaol, earráid fhollasach measúnaithe ag an gCoimisiún, ós rud é go bhforáiltear leis an Rialachán atá faoi chonspóid do bhearta atá dírithe go sonrach ar fhadhbanna a bhaineann leis na rioscaí comhshaoil a chuir Poblacht na hOstaire i dtábhacht a réiteach.

358 Ina theannta sin, cáineann Poblacht na hOstaire tuarascáil JRC, sa mhéid nach ndearna sí tuilleadh anailíse ar na tuairimí éagsúla maidir le leordhóthanacht theicneolaíocht DGP, cé go spreagfadh na sonraí eimpíreacha amhras maidir lena n-inbhuanaitheacht éiceolaíoch. Áitíonn sí freisin go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag earráid fhollasach measúnaithe a mhéid atá sé bunaithe ar thuarascáil JRC, cé nach léir ón tuarascáil sin nach bhfuil aon amhras eolaíoch ann nach ndéanfaidh diúscairt deiridh dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil dochar suntasach do na cuspóirí comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 17(1)(c) go (f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Measann Poblacht na hOstaire freisin nach féidir leis na critéir scagtha theicniúla an díobháil shuntasach a bhaineann le dramhaíl núicléach a leigheas, toisc nach féidir leo aon sábháilteacht a ráthú.

359 Mar sin féin, ní féidir a cheangal ar an gCoimisiún brath ar fhianaise eolaíoch nach bhfuil inchurtha in amhras, ós rud é gurb ionann sin agus leibhéal nialasach riosca a fhorchur uirthi atá contrártha leis an gcásdlí (féach, chuige sin agus de réir analaí, breithiúnas an 11 Meán Fómhair 2002, *Pfizer Animal Health* v *an Chomhairle*, T-13/99, EU:T:2002:209, míreanna 144 go 147).

360 Dá bhrí sin, níl na hargóintí sin de chuid Phoblacht na hOstaire in ann a léiriú go bhfuil earráid fhollasach ag baint le measúnú an Choimisiúin ar easpa díobháil shuntasach don chomhshaol mar thoradh ar bhainistiú dramhaíola a bhaineann le fuinneamh núicléach.

361 Mar mhalairt air sin, cáineann Poblacht na hOstaire an Coimisiún as gan anailís bhreise a dhéanamh ar na rioscaí a eascraíonn as easpa acmhainneacht leordhóthanach i DGPanna agus as mainneachtain scrúdú a dhéanamh ar na tuairimí saineolaithe a mheasann nach leor an teicneolaíocht atá ar fáil faoi láthair chun dochar don chomhshaol a eisiamh. Is féidir an argóint sin a léiriú sa chaoi go líomhnaítear go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus gur sháraigh sé prionsabal an dea-riaracháin trí mhainneachtain a dhualgas cúraim a chomhlíonadh.

362 Mar sin féin, is léir ó thuarascáil JRC go bhfuil comhdhearcadh eolaíoch leathan ann gurb iad DGPanna an réiteach is sábháilte, san fhadtéarma, chun dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil agus breosla a bhainistiú. Ina theannta sin, chuaigh an grúpa saineolaithe dá dtagraítear in Airteagal 31 de Chonradh Euratom isteach in JRC maidir leis an bpointe seo. Sna himthosca sin, ní dhearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe ná níor sháraigh sé a dhualgas cúraim toisc nár scrúdaigh sé tuairimí saineolaithe eile.

363 Ina theannta sin, mar is léir ó aithris 7 den Rialachán atá faoi chonspóid, bhí an Coimisiún ag brath ar thuarascáil JRC, agus chinn sé, i Roinn 5.2.5 di, gurb iad DGPanna an réiteach is sábháilte. Mar is léir ó Roinn 5.3 den tuarascáil sin, tá an cinneadh sin bunaithe ar líon mór tagairtí bibleagrafacha. Dá bhrí sin, ní féidir le Poblacht na hOstaire gearán a dhéanamh nár chomhlíon an Coimisiún a oibleagáid, a eascraíonn as prionsabal an dea-riaracháin, scrúdú cúramach neamhchlaonta a dhéanamh ar na tosca ábhartha uile.

364 Ar deireadh, áitíonn Poblacht na hOstaire go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag ráiteas neamhleor ar chúiseanna maidir leis na cúiseanna a mheasann an Coimisiún, in ainneoin na rioscaí agus na dtuairimí saineolacha sin, go ráthaítear nach ndéanfaidh dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil damáiste suntasach don chomhshaol san fhadtéarma.

365 Mar sin féin, mar is léir, ar dtús, ó aithris 7 den Rialachán atá faoi chonspóid ina ndéantar tagairt do thuarascáil JRC, agus, dá bhrí sin, atá mar chuid den ráiteas ar chúiseanna leis an Rialachán sin i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 216 den bhreithiúnas seo, agus, anuas air sin, ó aithris 14 den Rialachán sin, tá an measúnú nach ndearna fuinneamh núicléach dochar suntasach do na cuspóirí a shaothraítear le hAirteagal 17(1) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, agus réitigh atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo maidir le bainistiú dramhaíola radaighníomhaí á gcur san áireamh, réasúnaithe de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá.

366 Sa dara háit, maidir leis na critéir scagtha theicniúla, ba cheart a mheabhrú, de réir na míreanna tosaigh de Ranna 4.26 go 4.29 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, gur gníomhaíocht í gníomhaíocht eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ar choinníoll go gcomhlíonann sí na critéir scagtha theicniúla a leagtar amach sna ranna sin.

367 I measc na gcritéar ginearálta a bhaineann leis an rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide agus leis an gcritéar DNSH, is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht sa chritéar a leagtar amach i bpointe 1(f) de Ranna 4.26 go 4.28 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid:

'Tá an tionscadal a bhaineann leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch ('an tionscadal') lonnaithe i mBallstát a chomhlíonann gach ceann de na nithe seo a leanas:

[...]

(f) tá plean cláraithe ag an mBallstát ina leagtar amach céimeanna mionsonraithe chun go mbeidh, faoi 2050, saoráid diúscartha á hoibriú aige maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil lena ndéantar cur síos ar gach ceann de na nithe seo a leanas:
   (i) coincheapa nó pleananna teicniúla agus réitigh theicniúla le haghaidh bainistiú breosla spíonta agus dramhaíola radaighníomhaí, ó ghiniúint go diúscairt;
   (ii) na coincheapa nó na pleananna do thréimhse iardhúnta saoráide diúscartha, lena n-áirítear an tréimhse ina gcoinnítear rialuithe iomchuí ar bun, agus na modhanna atá le húsáid chun eolas ar an tsaoráid sin a chaomhnú san fhadtéarma;
   (iii) na freagrachtaí maidir le cur chun feidhme an phlean agus na heochairtháscairí feidhmíochta chun faireachán a dhéanamh ar a dhul chun cinn;
   (iv) measúnuithe costais agus sásraí maoiniúcháin.

Chun críocha phointe (f), féadfaidh na Ballstáit pleananna arna dtarraingt suas mar chuid den chlár náisiúnta a iarrtar le hAirteagail 11 agus 12 de [Threoir 2011/70] a úsáid.'

368 Ar an gcéad dul síos, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire go bhfuil na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos i bpointe 1(f) de Ranna 4.26 go 4.29 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid teoranta do thagairt don chreat dlíthiúil ginearálta is infheidhme, in aon chás, faoi Threoir 2011/70, ar theip uirthi go dtí seo na fadhbanna a bhaineann le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil a réiteach. Thairis sin, de réir Phoblacht na hOstaire, trí aicmiú fuinnimh núicléach mar fhuinneamh atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur faoi réir 'plean' chun saoráid stórála deiridh a theacht i bhfeidhm 'faoi 2050', ní athraíonn an Coimisiún an fíoras nach ráthaítear infhaighteacht de DGP atá intuartha go leordhóthanach. Ina theannta sin, déantar na critéir scagtha theicniúla a fhoirmliú ar bhealach atá rósholúbtha agus neamhbheacht chun coimisiúnú saoráidí diúscartha a áirithiú go ceann i bhfad agus chun deireadh a chur leis na rioscaí agus na héiginnteachtaí slándála atá i gceist.

369 Ba cheart a thabhairt faoi deara go gceanglaítear leis na critéir scagtha theicniúla a leagtar síos i bpointe 1(f) de Ranna 4.26 go 4.29 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid bearta chun réitigh diúscartha dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil a chur i bhfeidhm faoi 2050.

370 Mar a áitíonn an Coimisiún, tá gá leis an bplean stórála deiridh ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá faoi chonspóid.

371 Ina theannta sin, mar is léir ó aithris 14 den Rialachán atá faoi chonspóid, tá sé beartaithe leis na critéir scagtha theicniúla maidir le dramhaíl radaighníomhach ardleibhéil, amhail Treoir 2011/70, réitigh réalaíocha a chur i bhfeidhm maidir le cóireáil an chineáil sin dramhaíola.

372 I ndáil leis sin, mar is léir ó aithris 23 de Threoir 2011/70, agus freagracht á coinneáil as a mbeartais faoi seach maidir le breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach ar leibhéal íseal, meánleibhéal agus ardleibhéil a bhainistiú, ba cheart do na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le réitigh diúscartha a phleanáil agus a chur chun feidhme ina mbeartais náisiúnta. Luaitear san aithris sin, ós rud é go dtógfaidh sé blianta fada saoráidí stórála a chur ar bun, go n-aithnítear in go leor clár gur gá a bheith solúbtha agus inoiriúnaithe, go háirithe chun eolas nua ar staid na láithreán nó ar éabhlóid fhéideartha na gcóras stórála a ionchorprú.

373 Sa chomhthéacs sin, níl argóintí Phoblacht na hOstaire in ann a léiriú go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é den tuairim gur féidir dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil a eisiamh mar thoradh ar réiteach diúscartha dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil a bhunú faoi 2050.

374 Go dtí 2050, ní fhágann an Coimisiún an tsaoirse ag na Ballstáit an t-aistriú chuig DGPanna a phleanáil, ach cuireann sé de cheangal orthu pleananna a tharraingt suas a d'fhéadfadh a bheith mar an gcéanna leis na cláir dá dtagraítear i dTreoir 2011/70. Mar a fhoráiltear in Airteagal 12 de Threoir 2011/70, tá ábhar beacht ag na cláir sin agus, i gcomhréir le hAirteagal 13 den Treoir sin, ní mór fógra ina leith a thabhairt don Choimisiún. Sa chomhthéacs sin, ní eascraíonn riosca don chomhshaol as idirthréimhse a bheith ann go dtí go mbunófar an spás stórála.

375 Is amhlaidh atá go háirithe ós rud é go bhfreagraíonn an cur chuige sin don chur chuige a lean reachtóir an Aontais cheana féin i dTreoir 2011/70, agus mar thoradh air sin nach féidir an Coimisiún a cháineadh as earráid fhollasach measúnaithe a dhéanamh agus cur chuige atá cosúil le cur chuige an reachtóra á roghnú.

376 Ar an dara dul síos, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire nach bhfuil feidhm ag an gcritéar a bhaineann le 'plean doiciméadaithe ina leagtar amach go mionsonraithe na céimeanna lena gcumasaítear saoráid stórála a bheith ar fáil faoi 2050', a leagtar síos i bpointe 1(f) de Roinn 4.28 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, ach amháin maidir le 'tionscadail arna n-údarú tar éis 2025', agus mar thoradh air sin nach bhfuil gá le plean den sórt sin le haghaidh seansuiteálacha. Áitíonn Poblacht na hOstaire nach bhfuil údar leis an maolú sin. Go deimhin, má mheasann an Coimisiún go bhfuil gá le plean bainistithe dramhaíola le haghaidh suiteálacha núicléacha chun aon díobháil shuntasach a eisiamh de réir bhrí Airteagal 17 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ba cheart é sin a bheith amhlaidh *a fortiori* i gcás suiteálacha atá ann cheana, gan beann ar dháta údaraithe na dtionscadal lena mbaineann.

377 Tugann an Coimisiún dá aire gur tugadh isteach an dáta teacht i bhfeidhm in 2025 ionas go mbeidh an t-am is gá ag na Ballstáit chun an plean doiciméadaithe mionsonraithe a ghlacadh, ionas nach féidir a mheas idir an dá linn go bhfuil aon tionscadal nuachóirithe ailínithe le tacsanomaíocht, chun cuspóir an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht a chomhlíonadh, is é sin neamhghníomhaíocht nó gníomhaíochtaí déanacha a sheachaint.

378 Ba cheart a mheabhrú go bhfuil suiteálacha roimh 2025 fós faoi réir na n-oibleagáidí eile a eascraíonn as pointe 1(a) go (e) de Roinn 4.28 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid. Dá bhrí sin, trí neamhaird a thabhairt ar chritéar a mbeadh sé d'éifeacht aige na suiteálacha sin a eisiamh ó raon feidhme an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht, agus ar an gcaoi sin teorainn a chur leis an dreasacht chun tionscadail a chur i gcrích chun suiteálacha reatha a nuachóiriú, ghníomhaigh an Coimisiún i gcomhréir le cuspóir an Rialacháin sin chun neamhghníomhaíocht nó gníomhaíocht dhéanach a sheachaint. Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go ndearna sé earráid fhollasach measúnaithe.

379 Dá bhrí sin, ní dhearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus cinneadh á dhéanamh aige nach bhfuil feidhm ag an gcritéar maidir le 'plean doiciméadaithe ina leagtar amach go mionsonraithe na céimeanna lena gcumasaítear saoráid stórála a bheith ar fáil faoi 2050', a leagtar síos i bpointe 1(f) de Roinn 4.28 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, ach amháin maidir le seansuiteálacha, eadhon 'tionscadail arna n-údarú tar éis 2025'.

380 Ar an tríú dul síos, de réir Phoblacht na hOstaire, fiú má tá acmhainneachtaí leordhóthanacha de DGP ar fáil in am trátha, ní féidir a chur as an áireamh go bhféadfadh éifeachtaí díobhálacha suntasacha fadtéarmacha a bheith ag diúscairt deiridh dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil i DGPanna ar an gcomhshaol de réir bhrí Airteagal 17(1)(d)(iii) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Thairis sin, níl aon fhoráil sna critéir scagtha theicniúla lenar féidir an cás sin a leigheas.

381 Mar is léir ó aithris 14 den Rialachán atá faoi chonspóid, áfach, is iad DGPanna an rogha is sábháilte agus is inbhuanaithe faoi láthair. Mar sin féin, níor éirigh le Poblacht na hOstaire teacht salach ar an gcinneadh sin.

382 Ina theannta sin, tagraíonn na critéir scagtha theicniúla in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid do Threoir 2011/70. Mar is léir ó mhíreanna 263 go 265 thuas, mheas reachtóir an Aontais go bhféadfadh na critéir scagtha theicniúla cuspóir na hinbhuanaitheachta comhshaoil a bhaint amach agus a bheith i gcomhréir le prionsabal an réamhchúraim trí thagairt a dhéanamh do chomhlíonadh na gceanglas íosta a leagtar síos sa reachtaíocht ábhartha.

383 Sna himthosca sin, níl argóintí Phoblacht na hOstaire in ann a léiriú go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é den tuairim go raibh diúscairt deiridh dramhaíola radaighníomhaí ardleibhéil i DGPanna in ann dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil a chosc.

384 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, tá an ceathrú cuid den tríú saincheist dlí agus an tríú cuid den cheathrú saincheist dlí gan bhunús.

– An ceathrú cuid den cheathrú saincheist dlí, lena líomhnaítear nár cuireadh san áireamh na rioscaí a bhaineann le gnáthoibriú stáisiún núicléach

385 Deir Poblacht na hOstaire, go n-astaíonn gléasraí cumhachta núicléiche, fiú i dtréimhse gnáthoibríochta, radaíocht a mhéadaíonn, fiú i gcás dáileog íseal, riosca na hailse agus, in aon chás, nach bhfuil a n-éifeachtaí doiciméadaithe go maith agus nach ndearnadh scrúdú orthu sna tuarascálacha a ghlac an Coimisiún. Dar le Poblacht na hOstaire, bíonn sárú ar Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus ar phrionsabal an réamhchúraim mar thoradh air sin.

386 Cuireann an Coimisiún i gcoinne na hargóinte sin.

387 I ndáil leis sin, is leor a thabhairt faoi deara go bhfuil mionanailís i dtuarascáil JRC ar éifeachtaí na radaighníomhaíochta, i Ranna 3.4 agus 4.3 di.

388 Go háirithe, is léir ón tuarascáil ó JRC go bhfuil meánnochtadh bliantúil an phobail i ngeall ar éifeachtaí atá inchurtha i leith táirgeadh leictreachais ó fhuinneamh núicléach cothrom le thart ar 0.2 micreashoithriú (μSv), atá ceithre huaire níos ísle ná an mheándáileog bhliantúil ó chúlra nádúrtha na radaíochta.

389 Níor léirigh Poblacht na hOstaire go bhfuil torthaí an Choimisiúin bunaithe ar an tuarascáil sin dochreidte, a mhéid nach luann sí ach staidéar chun a mhaíomh nach bhfuil doiciméadú maith déanta ar éifeachtaí na radaíochta ísealdáileoige.

390 Thairis sin, mar a chuir an Coimisiún in iúl, leagtar síos in *acquis* Euratom diancheanglais maidir le cosaint ar radaíocht. Déantar foráil in Airteagal 2(b) de Chonradh Euratom maidir le caighdeáin sábháilteachta aonfhoirmeacha a bhunú chun sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint, agus sainmhínítear in Airteagal 30 'bunchaighdeáin' chun sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a eascraíonn as radaíocht ianúcháin. Sa chomhthéacs sin, le Treoir 2013/59/Euratom ón gComhairle an 5 Nollaig 2013 lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as nochtadh don radaíocht ianúcháin, agus lena n-aisghairtear Treoracha 89/618/Euratom, 90/641/Euratom, 96/29/Euratom, 97/43/Euratom agus 2003/122/Euratom (IO 2014 L 13, lch. 1), leagtar síos caighdeáin bhunúsacha aonfhoirmeacha chun sláinte daoine atá faoi réir nochtadh ceirde, míochaine nó poiblí a chosaint ar na contúirtí a éiríonn as radaíocht ianúcháin.

391 Tagraíonn na critéir scagtha theicniúla arna mbunú leis an Rialachán atá faoi chonspóid maidir le gníomhaíochtaí núicléacha go sainráite don Treoir sin.

392 Dá bhrí sin, ní léiríonn maímh Phoblacht na hOstaire nach ndearna an Coimisiún a mheasúnú ar na rioscaí a bhaineann le radaíocht ísealdáileoige le linn ghnáthoibriú na stáisiún cumhachta núicléiche a bhunú ar fhianaise eolaíoch dhochloíte.

393 Ar na cúiseanna sin, tá an ceathrú cuid den cheathrú saincheist dlí gan bhunús.

– An cúigiú cuid den tríú saincheist dlí agus an cúigiú cuid den cheathrú saincheist dlí, lena líomhnaítear baint amach an chuspóra maidir le hoiriúnú don athrú aeráide

394 Sa chúigiú cuid den tríú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na hOstaire go sáraítear leis an Rialachán atá faoi chonspóid critéar DNSH i bhfianaise chuspóir an oiriúnaithe don athrú aeráide dá dtagraítear in Airteagal 17(1)(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ós rud é, go bunúsach, go bhfuil méadú suntasach tagtha ar mhinicíocht agus ar fhad na dtréimhsí triomaigh le 20 bliain anuas mar thoradh ar an athrú aeráide agus go n-aithnítear go bhfuil agus go mbeidh éifeachtaí diúltacha ag an athrú aeráide ar an bhfuinneamh núicléach.

395 Sa chúigiú cuid den cheathrú saincheist dlí, áitíonn Poblacht na hOstaire, go bunúsach, go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid contrártha d'Airteagal 17(1)(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, a mhéid, ar an gcéad dul síos, nach leor na critéir scagtha theicniúla agus nach féidir na rioscaí sonracha a bhaineann le ceanglais uisce fuaraithe a eisiamh go cinnte leo agus, ar an dara dul síos, nach bhfuil siad bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte.

396 Go háirithe, cuireann Poblacht na hOstaire in iúl go n-eascraíonn cliseadh le linn tonnta teasa nó triomaigh as riachtanais shuntasacha uisce na ngléasraí cumhachta núicléiche, rud a léiríonn go gcuireann an ghníomhaíocht le héifeachtaí diúltacha reatha agus ionchais na haeráide uirthi féin, ós rud é nach ráthaítear leanúnachas na n-oibríochtaí a thuilleadh faoi na coinníollacha sin.

397 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Fraince, ó Phoblacht na Polainne agus ón Rómáin, na hargóintí sin a dhíospóid.

398 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 17(1)(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, go meastar go ndéanann gníomhaíocht dochar suntasach d'oiriúnú don athrú aeráide i gcás ina dtagann méadú ar dhrochthionchar na haeráide atá ann faoi láthair agus ar a forbairt ionchasach uirthi féin nó ar dhaoine, ar an dúlra nó ar shócmhainní mar thoradh ar an ngníomhaíocht sin.

399 Chun díobháil den sórt sin a chosc, foráiltear leis an Rialachán atá faoi chonspóid, in Iarscríbhinní I agus II de, faoin gceannteideal 'Úsáid inbhuanaithe agus cosaint acmhainní hidreolaíocha agus muirí', do na critéir scagtha theicniúla a bhaineann leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh d'acmhainní hidreolaíocha agus muirí', ar dá réir:

'Sainaithnítear rioscaí díghrádaithe comhshaoil a bhaineann le cáilíocht an uisce a chosaint agus strus maidir le huisce a sheachaint agus tugtar aghaidh ar na rioscaí sin, i gcomhréir le plean bainistíochta úsáide agus cosanta uisce, a fhorbraítear i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann..

Chun aimhrialtachtaí teirmeacha a bhaineann le sceitheadh teas dramhaíola a theorannú, oibreoirí gléasraí cumhachta núicléiche intíre ag úsáid fuaraithe fhliuch aonuaire trí uisce a ghlacadh ó abhainn nó rialú locha:

(a) teocht uasta an dobharlaigh glactha fionnuisce tar éis an mheasctha, agus

(b) an difríocht teochta uasta idir an t-uisce fuarúcháin sceite agus an dobharlach glactha fionnuisce.

Déantar an rialú teochta a chur chun feidhme i gcomhréir leis na coinníollacha ceadúnais aonair maidir leis na hoibríochtaí sonracha, i gcás inarb infheidhme [nó luachanna tairsí i gcomhréir le dlí an Aontais].'

400 Ní chuireann Poblacht na hOstaire i gcoinne chumas na gcritéar scagtha teicniúil sin a áirithiú nach dtiocfaidh méadú ar thionchar diúltach na haeráide atá ann faoi láthair ná ar an éabhlóid a mheastar a thiocfaidh uirthi ar an daonra, ar an dúlra ná ar mhaoin de réir bhrí Airteagal 17(1)(b) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht mar thoradh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le fuinneamh núicléach, agus, go háirithe, nach méadaíonn siad na rioscaí triomaigh. Luaitear ann nach féidir, leis na critéir sin, na rioscaí sonracha a bhaineann le ceanglais uisce fuaraithe a eisiamh go cinnte.

401 A mhéid a bhaineann le hargóint Phoblacht na hOstaire lena líomhnaítear, go bunúsach, go gcaillfeadh fuinneamh núicléach cuid dá úsáideacht i gcás triomaigh níos minice agus níos géire, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil sé ró-amhantrach a bheith in ann a léiriú gurb ann d'earráid fhollasach measúnaithe ón gCoimisiún. Cé go bhféadfaí a mheas go dtagann triomaigh den sórt sin faoi raon feidhme an chomhdhearcaidh eolaíoch, is amhantrach amháin an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar oibriú gléasraí cumhachta núicléiche ar fud limistéir gheografacha an Aontais.

– téamh/fuarú ó bhreoslaí gásacha iontaise a tháirgeadh i gcóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil (Ranna nua 4.31 d'Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2021/2139, a cuireadh isteach sna hiarscríbhinní sin leis an Rialachán atá faoi chonspóid) (le chéile, 'gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise').

498 I gcás gach ceann de na gníomhaíochtaí sin, leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid na critéir scagtha theicniúla chun na coinníollacha a chinneadh faoina bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch cáilithe mar rannchuidiú substaintiúil le hoiriúnú don athrú aeráide agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar dochar suntasach leis an ngníomhaíocht eacnamaíoch d'aon cheann de na cuspóirí comhshaoil eile a leagtar amach in Airteagal 9 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

An deichiú saincheist dlí lena líomhnaítear sárú ar Airteagal 10(2) agus Airteagal 19(1)(f) agus (g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus ar phrionsabal an réamhchúraim

499 Maíonn Poblacht na hOstaire, le tacaíocht ó Ard-Diúcacht Lucsamburg, go bunúsach, go sáraíonn an Rialachán atá faoi chonspóid Airteagal 10(2) agus Airteagal 19(1)(f) agus (g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht agus prionsabal an réamhchúraim a mhéid a leagtar síos leis, i gcás gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise, tairseacha 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kW mar mheán bliantúil thar 20 bliain.

500 Maíonn Poblacht na hOstaire nach gcuireann gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le hearnáil an gháis iontaise go mór le maolú ar an athrú aeráide, ar a laghad a mhéid a cheadaítear iad os cionn na tairsí teorann 100 g CO_2eq/kWh, fiú laistigh de na tairseacha 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kW.

501 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ón Ungáir, ó Phoblacht na Polainne agus ón Rómáin, na hargóintí sin a dhíospóid.

502 Tá an phléadáil sin roinnte ina hocht gcuid, lena líomhnaítear (i) roghanna malartacha ísealcharbóin a bheith ann, (ii) mainneachtain rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de i gcomhréir leis an gcuspóir 1.5 °C, (iii) sárú ar an gceanglas maidir le measúnú saolré, (iv) moill ar fheidhmíocht is fearr na hearnála nó an tionscail, agus (v) bacainn ar roghanna malartacha ísealcharbóin; (vi) sárú ar an toirmeasc ar éifeachtaí glasála, (vii) sárú ar Airteagal 19(1)(g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, agus, mar mhalairt air sin, (viii) sárú ar Airteagal 19(1)(f) den Rialachán sin, ar phrionsabal an réamhchúraim agus ar 'easnaimh san anailís agus sna forais'.

– An chéad chuid den deichiú saincheist dlí, lena líomhnaítear go bhfuil réitigh ísealcharbóin ann

503 Áitíonn Poblacht na hOstaire nach gcomhlíontar an coinníoll nár cheart aon réiteach ísealcharbóin a bheith ann, ós rud é go bhfuil réitigh ísealcharbóin ar fáil don fhuinneamh in-athnuaite, d'eangacha cliste agus do theicnící stórála agus laghdaithe tomhaltais fuinnimh atá inionadaithe le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise.

504 Cuireann Poblacht na hOstaire in iúl freisin, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh roghanna malartacha ísealcharbóin 'ar fáil ar an margadh go fóill', mar a leagtar amach in aithrisí 4 agus 6 den Rialachán atá faoi chonspóid, go mbunaíonn an Coimisiún an Rialachán sin ar 'leathnú' d'Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht atá ar neamhréir le foclaíocht, scéim agus cuspóir na forála sin ar na cúiseanna a leagtar amach mar thaca leis an dara saincheist dlí.

505 Ina theannta sin, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire maidir leis an gceanglas go bunúsach, nach féidir leictreachas agus/nó teas/fuar atá le hionadú a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, ar bhonn measúnú comparáideach leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil ó fhoinsí in-athnuaite le haghaidh na hacmhainneachta céanna, a leagtar síos, faoi seach, i bpointe 1(b)(ii) de Roinn 4.29 agus i bpointe 1(b)(iii) de Ranna 4.30 go 4.31 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, go bhfuil leathnú neamhdhleathach ar raon feidhme Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht mar thoradh air. Measann sé go n-éilítear leis an bhforáil dheireanach sin comparáid a dhéanamh ní hamháin leis an rogha mhalartach 'is brabúsaí', ach freisin leis na roghanna malartacha uile atá 'indéanta ó thaobh an

gheilleagair de', agus go n-eisiatar leis an bhforáil sin aicmiú mar rogha atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ní hamháin i gcás inar féidir 'an acmhainneacht chéanna' a bhaint amach le foinsí malartacha, ach a luaithe is ann dóibh freisin.

506 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ón Ungáir, ó Phoblacht na Polainne agus ón Rómáin, na hargóintí sin a dhíospóid.

507 Ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, gur léir, go bunúsach, ó aithris 4 den Rialachán atá faoi chonspóid gur mheas an Coimisiún gur ghá laghduithe suntasacha a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa leis an aistriú glas in earnálacha nach bhfuil réitigh ísealcharbóin indéanta a mhéid nach n-áiritheofaí leo an soláthar fuinnimh is gá.

508 Chuige sin, mheas an Coimisiún, go bunúsach, gur ghá critéir scagtha theicniúla a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise i gcás ina bhfanann na hastaíochtaí GCT a ghintear leis na gníomhaíochtaí sin faoi bhun tairseach iomchuí, ach freisin i gcás nach gcomhlíonann na cineálacha táirgthe sin an tairseach iomchuí sin go fóill.

509 Mheas an Coimisiún freisin go raibh gá le cur chuige malartach maidir le teorannú díreach astaíochtaí GCT. De réir an chur chuige mhalartaigh sin, a bhfuil coinne leis go mbeidh torthaí comhchosúla air thar thréimhse 20 bliain, ar thaobh amháin, is féidir le suiteálacha na torthaí sin a bhaint amach trí theorainn a chur le líon na n-uaireanta oibriúcháin nó trí dháta a n-aistrithe chuig gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin a thabhairt ar aghaidh. Ar an taobh eile, ba cheart a áirithiú leis na critéir scagtha theicniúla maidir le húsáid gáis iontaise go bhfuil fianaise shoiléir ann nach féidir an acmhainneacht chéanna a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite agus go gcuirtear pleananna éifeachtúla i bhfeidhm le haghaidh gach suiteála, agus feidhmíocht is fearr na hearnála á leanúint, d'fhonn aistriú go hiomlán chuig gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin faoi dháta sonrach.

510 Ar an dara dul síos, mar is léir ó mhíreanna 164 go 169 thuas, is é atá i gceist leis an gcoinníoll nach bhfuil aon rogha ísealcharbóin atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de, a leagtar síos in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, gnéithe a bhaineann le slándáil an tsoláthair a chur san áireamh.

511 Ar an tríú dul síos, ní mór diúltú don argóint go gcoisctear le hAirteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht aicmiú mar cheann atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, ní hamháin i gcás inar féidir 'an acmhainneacht chéanna' a bhaint amach le foinsí malartacha, ach a luaithe is ann dóibh freisin.

512 Mar is léir ó mhíreanna 164 go 169 thuas, ciallaíonn an coinníoll a leagtar síos in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, nach bhfuil aon rogha ísealcharbóin atá indéanta ó thaobh na teicneolaíochta agus na heacnamaíochta de, nach mór gnéithe a bhaineann le slándáil an tsoláthair a chur san áireamh. Leis an léiriú a ghlac Poblacht na hOstaire, tugtar neamhaird ar an gceanglas maidir le slándáil an tsoláthair.

513 Ar an gceathrú dul síos, murab ionann agus an méid a mhaíonn Poblacht na hOstaire, níl an ceanglas nach féidir fuinneamh atá le hionadú a tháirgeadh ó fhoinsí in-athnuaite, ar bhonn measúnú comparáideach leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil ó fhoinsí in-athnuaite le haghaidh na hacmhainneachta céanna, a leagtar síos, i bpointe 1(b)(ii) de Roinn 4.29 agus i bpointe 1(b)(iii) de Ranna 4.30 go 4.31 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an

Rialachán atá faoi chonspóid, neamhdhleathach a mhéid a bheadh sé d'éifeacht aige raon feidhme Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht a leathnú chun an gá le slándáil an tsoláthair a áireamh san fhoráil sin.

514 Leis an gceanglas sin, féachtar freisin le riachtanas shlándáil an tsoláthair a áirithiú, i gcomhréir leis an léiriú a leagtar amach i míreanna 164 go 169 den bhreithiúnas seo, agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil fianaise shoiléir ann nach féidir an acmhainneacht chéanna a ghiniúint ó fhoinsí in-athnuaite, i gcomhréir le cur chuige an Choimisiúin a thuairiscítear i mír 509 thuas. Dá bhrí sin, ní eascraíonn sé as leathnú ar raon feidhme Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

515 Ar an gcúigiú dul síos, ní mór a thabhairt faoi deara, de réir shamhlacha an Choimisiúin, bunaithe ar an measúnú tionchair a ghabhann lena Theachtaireacht COM(2020)562 final an 17 Meán Fómhair 2020 dar teideal 'Dlús a chur le huaillmhian aeráide na hEorpa 2030 – Infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí aeráide', go raibh gá le gléasraí cumhachta gásadhainte mar acmhainneachtaí idirthréimhseacha agus cúltaca faoi dhálaí teicneolaíochta agus margaidh atá ann faoi láthair, ós rud é go mbeidh acmhainneacht nua gáis idir 23 agus 31 ghigeavata (GW) ag teastáil ón Aontas Eorpach le linn na tréimhse 2020 go 2030.

516 Ní léiríonn maímh Phoblacht na hOstaire bunaithe ar dhearbhuithe an Ardáin go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é á mheas go bhféadfadh sé nach bhfuil roghanna malartacha ísealcharbóin ar fáil ar an margadh go fóill agus nach n-áirithíonn siad slándáil an tsoláthair.

517 Ní leor an dearbhú go bhfuil roghanna malartacha inmharthana ó fhuinneamh in-athnuaite ann chun measúnú an Choimisiúin a dhéanamh dochreidte.

518 Dá bhrí sin, ní léiríonn argóintí Phoblacht na hOstaire nach gcomhlíontar an coinníoll nár cheart aon rogha ísealcharbóin a bheith ann, a leagtar síos in Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

519 Ar na cúiseanna sin, tá an chéad chuid den deichiú saincheist dlí gan bhunús.

– An dara cuid den deichiú saincheist dlí, lena líomhnaítear nach raibh aon rannchuidiú leis an aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de i gcomhréir leis an gcuspóir 1.5 °C

520 Áitíonn Poblacht na hOstaire, go bunúsach, nach bhfuil na tairseacha teorann 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kWh, a úsáidtear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, comhoiriúnach leis an gcuspóir 1.5 °C a leagtar síos le Comhaontú Pháras agus le fospriocanna comhfhreagracha an Aontais do 2030 agus 2050, agus nach féidir rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide leis na critéir scagtha theicniúla eile.

521 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ón Rómáin agus ó Phoblacht na Polainne, na hargóintí sin a dhíospóid.

522 Tá sé tábhachtach a mheabhrú go gceanglaítear le hAirteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go dtacóidh an ghníomhaíocht eacnamaíoch lena mbaineann, *inter alia*, leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach atá comhsheasmhach le conair chun an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, lena n-áirítear trí dheireadh a chur de réir a chéile le hastaíochtaí GCT, go háirithe astaíochtaí ó bhreoslaí iontaise soladacha.

523 Leanann sé freisin ó aithris 41 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go dtacóidh na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le hAirteagal 10(2) den Rialachán sin, trí chonair inchreidte a leanúint, leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach atá comhsheasmhach le conair chun an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, lena n-áirítear trí dheireadh a chur de réir a chéile le hastaíochtaí GCT.

524 Dá bhrí sin, ceanglaítear le hAirteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht ar an gCoimisiún a áirithiú go gcuirtear chun cinn le gníomhaíocht eacnamaíoch a thagann faoin bhforáil sin an t-aistriú chuig geilleagar atá neodrach ó thaobh na haeráide de agus go bhfuil sé d'aidhm aici an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, lena n-áirítear trí dheireadh a chur de réir a chéile le hastaíochtaí GCT.

525 Leanann sé ó Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go mbeadh measúnuithe an Choimisiúin dochreidte agus curtha ó bhail ag earráid fhollasach measúnaithe dá léireodh Poblacht na hOstaire, murab ionann agus an méid a chinn an Coimisiún, go bunúsach, sa Rialachán atá faoi chonspóid, nach féidir leis na critéir scagtha theicniúla astaíochtaí GCT a chéimniú amach nó a laghdú.

526 I ndáil leis sin, maidir le táirgeadh leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise (Roinn 4.29 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid), faoin gcritéar scagtha teicniúil maidir le rannchuidiú substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide, foráiltear mar a leanas i bpointe 1(b) de Chuid 4.29 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid:

'Comhlíonfaidh suiteálacha a dtabharfar cead pleanála ina leith faoin 31 Nollaig 2030 na critéir seo a leanas:

(i) tá astaíochtaí GCT díreacha na gníomhaíochta níos lú ná 270 g CO_2eq/kWh den fhuinneamh a tháirgtear, nó ní théann astaíochtaí GCT díreacha bliantúla na gníomhaíochta thar 550 kg [de] CO_2eq/kWh ar an meán d'acmhainneacht na suiteála thar 20 bliain;

(ii) ní féidir an chumhacht atá le hionadú a ghineadh ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, bunaithe ar mheastóireacht inchomparáide leis an rogha mhalartach is costéifeachtaí agus is indéanta go teicniúil le haghaidh na hacmhainneachta céanna a aithnítear; foilsítear toradh na meastóireachta inchomparáide sin agus tá sé faoi réir comhairliúchán le páirtithe leasmhara;

(iii) déanann an ghníomhaíocht gníomhaíochta ginte leictreachais ardastaíochta atá ann faoi láthair a úsáideann breoslaí soladacha nó breoslaí iontaise leachtacha a ionadú;

(iv) ní bheidh an acmhainneacht táirgeachta a suiteáladh le fíorghairid níos mó ná 15 % os cionn acmhainneacht na saoráide a ionadaíodh;

(v) déantar an tsaoráid a dhearadh agus a fhoirgniú chun breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin a úsáid agus déanfar an t-aistriú chuig úsáid iomlán breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin faoin 31 Nollaig 2035, le gealltanas agus plean infhíoraithe arna gceadú ag comhlacht bainistíochta an ghnóthais;

(vi) laghdú astaíochtaí 55 % GCT ar a laghad a bheidh mar thoradh ar an ionadú thar shaolré na hacmhainneachta táirgeachta a suiteáladh le fíorghairid;

(vii) i gcás ina ndéantar an ghníomhaíocht i gcríoch Ballstáit ina n-úsáidtear an gual chun fuinneamh a tháirgeadh, tá gealltanas tugtha ag an mBallstát sin deireadh a chur de réir a chéile le táirgeadh fuinnimh ó ghual [...]'

527 Úsáidtear teorainn 270 g CO_2eq/kWh den fhuinneamh a tháirgtear freisin sna critéir scagtha theicniúla maidir le comhghiniúint ardéifeachtach teasa/fuaraithe agus leictreachais ó bhreoslaí gásacha iontaise (Roinn 4.30 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid) agus táirgeadh téimh/fuaraithe ó bhreoslaí gásacha iontaise i gcóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil (Roinn 4.31 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid).

528 Sa chéad áit, sonraíonn Poblacht na hOstaire go measann TEG gur coinníoll eolaíoch é an teorainn 100 g CO_2eq/kWh chun an coinníoll maidir leis an aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach a chur chun cinn a chomhlíonadh agus gur cheart é a ísliú gach 5 bliana, agus é á chur in iúl ag an am céanna gur luaigh TEG freisin nach bhféadfadh gnáthghléasraí cumhachta gásadhainte an tairseach sin a chomhlíonadh, ach nach bhféadfadh ach iad siúd a úsáideann teicneolaíocht gabhála agus ceaptha carbóin an tairseach sin a chomhlíonadh. Tugann sé le fios freisin gur mheas an tArdán nach raibh na tairseacha teorann 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2 eq/kWh comhoiriúnach le cuspóirí aeráide an Aontais agus Chomhaontú Páras, agus gur mheas an Coimisiún go raibh an teorainn 100 g CO_2eq/kWh cinntitheach, go háirithe maidir le gníomhaíochtaí eile a shainaithnítear mar ghníomhaíochtaí a rannchuidíonn go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide i Rialachán Tarmligthe 2021/2139, agus maidir le fuinneamh núicléach.

529 Ar an gcéad dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, i dtuarascáil deiridh TEG, gur luadh an méid seo a leanas i ndáil leis an tairseach 100 g CO_2eq/kWh:

'Moltar tairseach fhoriomlán déine astaíochtaí atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de 100 g CO_2[eq]/kWh le haghaidh táirgeadh leictreachais, táirgeadh teasa agus comhghiniúint teasa agus cumhachta. Laghdófar an tairseach sin gach 5 bliana i gcomhréir leis na cuspóirí beartais a leagtar amach chun glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050. [...]

Modh chun an tairseach déine astaíochtaí a roghnú

Beidh ar chonair bhliantúil astaíochtaí d'earnáil leictreachais an Aontais glanastaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoi 2050, i gcomhréir le Comhaontú Páras an Aontais agus le gealltanais bheartais aeráide agus fuinnimh eile.

Tá ríomh na tairsí 100 g CO_2eq/kWh bunaithe ar na cuspóirí beartais le haghaidh astaíochtaí is incheadaithe amach anseo ó earnáil an leictreachais roinnte ar éabhlóid ionchasach an éilimh ar leictreachas.

Socrófar an tairseach ag luach aonair le haghaidh na n-infheistíochtaí nua uile i nginiúint leictreachais, go dtí go ndéanfar athbhreithniú uirthi ina dhiaidh sin. Tá feidhm aige freisin maidir le táirgeadh teasa/fuachta agus comhghiniúint teasa agus cumhachta.

Chun go mbeidh infheistíocht nó gníomhaíocht ar leith comhoiriúnach leis an gconair sin, ní mór a meánastaíochtaí thar a saolré fhisiciúil, nó 40 bliain (cibé acu is giorra), a bheith faoi bhun na tairsí.

[...]

Cinneadh an tairseach mar a leanas:

– Is ó Eurostat a thagann sonraí stairiúla maidir le hastaíochtaí ó earnáil an leictreachais agus maidir leis an éileamh ar leictreachas do 28 mBallstát an Aontais.

– Tá astaíochtaí amach anseo i gcomhréir le gealltanais bheartais an Aontais d'earnáil (Córas Trádála Astaíochtaí) (- 43 % faoi 2030), agus ansin laghdaíonn siad go líneach go nialas faoi 2050. Glactar leis go dtiocfaidh méadú ar an éileamh ar leictreachas amach anseo (glanghiniúint) i gcomhréir le cás bonnlíne PRIMES AE 2016.

– Trí astaíochtaí réamh-mheasta ó earnáil an leictreachais a roinnt ar an éileamh réamh-mheasta ar leictreachas, tugtar luachanna bliantúla réamh-mheasta atá comhsheasmhach le beartais d'fhachtóirí astaíochtaí earnáil leictreachais an Aontais.

– Measfar gineadóir leictreachais ar leith a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí beartais sin má tá a astaíochtaí faoi bhun mheán na bhfachtóirí astaíochta bliantúla sin thar a shaolré.

– Chun tairseach aonair atá neodrach ó thaobh na teicneolaíochta de lena gcumhdaítear na teicneolaíochtaí uile a chinneadh, breithneofar sa mhodheolaíocht na meánfhachtóirí astaíochta bliantúla thar thréimhse 40 bliain ó thús na hoibríochta.'

530 Dá bhrí sin, fuarthas an tairseach 100 g CO_2eq/kWh trí astaíochtaí réamh-mheasta ó earnáil an leictreachais (agus an sprioc ghlan-nialasach faoi 2050 á cur san áireamh) a roinnt ar an éileamh réamh-mheasta ar leictreachas.

531 De réir TEG, is é an tairseach 100 g CO_2eq/kWh meánluach na n-astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais idir 2020 agus 2050 chun é a chur ar a chumas don Aontas astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

532 Tá an tairseach sin bunaithe ar chóimheas luach measta na n-astaíochtaí iomlána nach bhfuil le sárú faoi 2050 i dtreo astaíochtaí GCT a theorannú nó a dhíothú agus ar luach an éilimh mheasta ar leictreachas faoi 2050.

533 I bhfocail eile, cinntear leis an tairseach 100 g CO_2eq/kWh nach sáraítear luach hipitéiseach CO_2 eq/kWh nach bhfuil le sárú chun astaíochtaí GCT a theorannú nó a bhaint ar bhealach atá comhsheasmhach leis an gcuspóir an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch faoi 2050.

534 Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, nach paraiméadar de dhlíthiúlacht na gcritéar scagtha teicniúil a leagtar síos sa Rialachán atá faoi chonspóid í an tairseach arna bunú ag TEG, ós rud é go bhféadfaidh an Coimisiún sraith tosca a chur san áireamh.

535 I ndáil leis sin, mar a thug an Coimisiún faoi deara ina chosaint gan teacht salach ar an bpointe sin, níl an tairseach 100 g CO_2eq/kWh indéanta faoi láthair do ghléasraí cumhachta gásadhainte gan córasgabhála CO_2. Is éard atá i gcur chuige an Choimisiúin, go bunúsach, tairseach 270 g CO_2 eq/kWh a chur i bhfeidhm maidir leis na suiteálacha sin, ionas go dtagann siad faoi raon feidhme an Rialacháin atá faoi chonspóid agus go bhfuil siad faoi réir na gcritéar scagtha teicniúil eile. Ní mór a lua go bhfuil cur chuige den sórt sin comhsheasmhach le cuspóir an Rialacháin maidir le Tacsanomaíocht chun neamhghníomhaíocht nó gníomhaíochtaí déanacha, a luaitear cheana i mír 377 thuas, a sheachaint.

536 Sna himthosca sin, ní féidir le hargóintí Phoblacht na hOstaire lena líomhnaítear gur mainníodh an tairseach 100 g CO_2eq/kWh a chomhlíonadh a léiriú iontu féin go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é á chinneadh go bhféadfadh na critéir scagtha theicniúla laghdú nó baint astaíochtaí GCT a chur chun cinn agus, dá bhrí sin, an t-aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach atá comhoiriúnach le conair atá dírithe ar an méadú teochta a theorannú go 1.5 °C.

537 Ar an tríú dul síos, ní féidir le hargóintí Phoblacht na hOstaire a léiriú freisin nach féidir leis na critéir scagtha theicniúla rannchuidiú le baint amach na sprice idirmheánaí do 2030, a leagtar síos in Airteagal 4(1) den Dlí Aeráide Eorpach, maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí GCT (astaíochtaí tar éis aistrithe a asbhaint) san Aontas Eorpach faoi 2030 i gcomparáid le leibhéil 1990.

538 Ní mór a thabhairt faoi deara, trína hargóintí, go ndéanann Poblacht na hOstaire agóid, go bunúsach, i gcoinne chineál sách dian nó uaillmhianach na gcritéar atá i gceist, ach nach dtarraingíonn sí amhras ar a gcumas astaíochtaí gás ceaptha teasa a chéimniú amach nó a laghdú. Dá bhrí sin, ar na cúiseanna a míníodh cheana i míreanna 523 go 525 thuas, níl an argóint sin in ann a léiriú go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe i gcur chun feidhme Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht. Ina theannta sin, agus ar chúiseanna cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 378 thuas, ba cheart a mheabhrú go bhféadfadh baint a bheith ag rogha an Choimisiúin tús áite a thabhairt do chritéir nach bhfuil chomh dian céanna leis an gcuspóir maidir le neamhghníomhaíocht nó gníomhaíocht dhéanach a sheachaint, trí raon feidhme níos leithne an Rialacháin atá faoi chonspóid agus na gcritéar go léir a leagtar amach ann a cheadú.

539 Is amhlaidh is mó fós ós rud é nach mór na gníomhaíochtaí lena mbaineann a chur in ionad gníomhaíocht giniúna leictreachais ard-astaíochta atá ann cheana lena n-úsáidtear breoslaí iontaise soladacha nó leachtacha, as a dtiocfaidh laghdú 55% ar a laghad ar astaíochtaí GCT thar shaolré na hacmhainneachta giniúna nuashuiteáilte agus ní mór gealltanas a bheith tugtha ag an mBallstát deireadh a chur de réir a chéile le táirgeadh fuinnimh gualbhreoslaithe (pointí 1(b), (iii), (vi) agus (vii), Roinn 4.29 agus pointe 1(b)(iv), (vii) agus (ix) de Ranna 4.30 agus 4.31 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid).

540 Thairis sin, tugann argóint Phoblacht na hOstaire neamhaird freisin ar an bhfíoras gur cur chuige céim ar chéim é an cur chuige a leantar maidir le gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise, arb é is aidhm dó táirgeadh fuinnimh gáis iontaise a laghdú de réir a chéile, agus slándáil an tsoláthair a cheadú ag an am céanna, mar is léir go háirithe ó aithris 4 den Rialachán atá faoi chonspóid. Dá bhrí sin, mar a áitíonn an Coimisiún, is féidir le suiteálacha líon na n-uaireanta oibriúcháin a theorannú go leibhéal seasmhach nó aistriú go tapa chuig úsáid iomlán breoslaí in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin tar éis don bhuiséad carbóin a bheith ídithe. Dá bhrí sin, má úsáideann siad sciar níos mó dá mbuiséad carbóin sna chéad bhlianta, beidh orthu na blianta ina dhiaidh sin a fhritháireamh trí líon na n-uaireanta oibriúcháin a laghdú nó trí aistriú go gáis in-athnuaite nó ísealcharbóin níos luaithe. Tá an cur chuige sin i gcomhréir le rún reachtóir an Aontais gan a áireamh ach na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin lena n-áirithítear an rannchuidiú is substaintiúla leis an gcuspóir maidir le maolú ar an athrú aeráide agus nach ndéanann dochar ar bith – ná a laghad is féidir – do chuspóirí comhshaoil eile.

541 Sa dara háit, áitíonn Poblacht na hOstaire, ar an gcéad dul síos, nach ráthaítear leis na critéir mheastóireachta teicniúla baint amach na gcuspóirí sin ach oiread. Go háirithe, ní fhéadfadh coinníoll an aistrithe chuig lánúsáid breoslaí gásacha in-athnuaite agus/nó ísealcharbóin an 31 Nollaig 2035 rannchuidiú le baint amach na sprice idirmheánaí do 2030, a bheadh ceangailteach faoi Airteagal 4(1) den Dlí Aeráide Eorpach.

542 Maíonn Poblacht na hOstaire nach leor an t-athrú breosla is gá chun rannchuidiú leordhóthanach a áirithiú le spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, rud a thugann le tuiscint go mbeidh an earnáil fuinnimh beagnach neodrach ó thaobh na haeráide de cheana féin faoi 2040 (agus in aon chás faoi 2050) agus, dá bhrí sin, nach dtáirgfidh sí astaíochtaí GCT suntasacha a thuilleadh.

543 Leis an argóint sin, áitíonn Poblacht na hOstaire nach leor an critéar scagtha teicniúil a bhaineann le malartú breosla chun rannchuidiú leordhóthanach le comhlíonadh chuspóirí aeráide an Aontais a áirithiú.

544 Ní mór a lua nár léirigh ná nár líomhain Poblacht na hOstaire nach bhfuil an t-athrú breosla is gá in ann astaíochtaí GCT a chéimniú amach nó a laghdú de réir a chéile. Dá bhrí sin, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 538 den bhreithiúnas seo, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

545 Ar an dara dul síos, maíonn Poblacht na hOstaire go gceadaítear leis na critéir scagtha theicniúla suiteálacha a bheartú i bhfad tar éis 2040 (nó fiú 2050) lena ngintear cainníochtaí suntasacha astaíochtaí GCT. Cuireann sí in iúl, de réir na gcritéar scagtha teicniúil, go bhféadfar a mheas go bhfuil suiteálacha nua inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de má údaraítear iad roimh an 31 Nollaig 2030 agus má chomhlíontar coinníollacha eile an Rialacháin atá faoi chonspóid. De réir Phoblacht na hOstaire, is é 25 go 30 bliain meánré oibriúcháin na suiteálacha sin. Fiú ón 1 Eanáir 2036, ní dhéantar foráil shonrach sna critéir scagtha theicniúla maidir le húsáid eisiach breoslaí in-athnuaite, ach maidir le húsáid breoslaí 'ísealcharbóin' amháin, nach bhfuil aon bhaint acu leis an teorainn 270 g CO_2eq/kWh nó, thairis sin, aon laghdú sonrach a fhorordú i ndáil leis an teorainn sin nó le haon tairseach eile.

546 De réir Phoblacht na hOstaire, fiú dá measfaí go bhforchuirtear laghdú 70 % leis an oibleagáid breoslaí 'ísealcharbóin' a úsáid i gcomparáid leis an luach tagartha le haghaidh breoslaí iontaise, i gcomhréir le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO 2018 L 328, lch. 82), ní leanfadh sé ach laghdú faoi bhun 200 g CO_2eq/kWh. Is é tátal Phoblacht na hOstaire as sin, fiú tar éis 2035 agus i bhfianaise fhad oibríochta na suiteálacha, go gceadófaí astaíochtaí GCT fós, i bhfad tar éis 2040 agus 2050, ar leibhéal atá i bhfad níos mó ná an teorainn 100 g CO_2eq/kWh, a bhfuil gá lena gcomhlíonadh chun na cuspóirí aeráide a bhaint amach.

547 Ní mór a lua nár léirigh ná nár líomhain Poblacht na hOstaire nach féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa a chéimniú amach nó a laghdú de réir a chéile leis an oibleagáid breoslaí 'ísealcharbóin' a úsáid. Dá bhrí sin, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 538 den bhreithiúnas seo, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

548 Ar an tríú dul síos, maíonn Poblacht na hOstaire go dtagraíonn an tagairt don sprioc coigilte 55 % a leagtar amach i bpointe 1(b)(vi) de Roinn 4.29 agus i bpointe 1(b)(vii) de Ranna 4.30 agus 4.31 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid trí bhotún do chur chun feidhme an

cheanglais a leagtar síos in Airteagal 4 den Dlí Aeráide Eorpach chun glanastaíochtaí GCT san Eoraip a laghdú 55 % faoi 2030, ach, ós rud é gurb í earnáil an fhuinnimh is cúis le 75 % de na hastaíochtaí sin, is léir go bhfuil gá le tuilleadh coigiltis.

549 Mar sin féin, ní mór a lua nach léiríonn ná nach maíonn Poblacht na hOstaire nach féidir leis na critéir scagtha theicniúla ar dá réir a thagann laghdú 55 % ar a laghad ar astaíochtaí GCT thar shaolré na hacmhainneachta táirgeachta nuashuiteáilte, nó laghdú 55 % ar a laghad GCT in aghaidh an kWh fuinnimh a tháirgtear, astaíochtaí GCT a chéimniú amach nó a laghdú de réir a chéile. Dá bhrí sin, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 538 den bhreithiúnas seo, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

550 Ar an gceathrú dul síos, de réir Phoblacht na hOstaire, ní leor na coinníollacha maidir le suiteáil nua a chur in ionad seansuiteála, a leagtar amach i bpointe 1(b)(vi) de Roinn 4.29 agus i bpointe 1(b)(vii) de Ranna 4.30 agus 4.31 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid. Ba cheart an ghníomhaíocht eacnamaíoch sin a chur in ionad na ngníomhaíochtaí giniúna leictreachais atá á ndéanamh faoi láthair ag gléasraí cumhachta comhchumhachta gualbhreoslaithe nó lignítadhainte agus d'fhéadfaí acmhainneacht a mhéadú 15 % fiú le haghaidh na suiteálacha dá dtagraítear i Roinn 4.29, i gcomhréir le pointe 1(b)(iv) den roinn sin. Ina theannta sin, comhfhreagraíonn na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1(b)(v) de Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 don choinníoll a leagtar síos i bpointe 1(b)(iv) de Roinn 4.29, ach amháin nach bhféadfaí méadú acmhainneachta a dhéanamh i gcás na ngníomhaíochtaí sin agus nach mbeadh gá le laghdú acmhainneachta i gcomparáid leis an *status quo ante*.

551 Leis an argóint sin, áitíonn Poblacht na hOstaire nach leor na coinníollacha chun suiteáil nua a chur in ionad seansuiteála, a leagtar amach i bpointe 1(b)(vi) de Roinn 4.29 agus i bpointe 1(b)(vii) de Ranna 4.30 agus 4.31, a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid.

552 Mar sin féin, níor léirigh ná níor líomhain Poblacht na hOstaire nach féidir astaíochtaí GCT a chéimniú amach ná a laghdú de réir a chéile leis na coinníollacha maidir le seansuiteáil a ionadú, in éineacht leis na critéir scagtha theicniúla eile. Dá bhrí sin, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 538 den bhreithiúnas seo, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

553 Ar an gcúigiú dul síos, measann Poblacht na hOstaire nach bhfuil na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1(b)(vii) de Roinn 4.29 agus i bpointe 1(b)(ix) de Ranna 4.30 agus 4.31 in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid ceangailteach ach amháin ar na Ballstáit a úsáideann gual le haghaidh táirgeadh fuinnimh, ach nach coinníoll fíor-riachtanach iad, ós rud é nach socraítear aon teorainn ama le haghaidh imeachta agus go bhféadfadh an dáta imeachta fógartha a bheith laistigh de roinnt blianta dá bhrí sin.

554 I ndáil leis sin, ba cheart a thabhairt faoi deara nár léirigh Poblacht na hOstaire nach bhfuil na critéir scagtha theicniúla lena gceanglaítear ar Bhallstát ar leith tabhairt faoi dheireadh a chur de réir a chéile le táirgeadh fuinnimh ó ghual in ann astaíochtaí GCT a chéimniú amach nó a laghdú de réir a chéile. Dá bhrí sin, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 538 den bhreithiúnas seo, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

555 Ar an tríú dul síos, cuireann Poblacht na hOstaire in iúl, ar an gcéad dul síos, go bhféadfaidh an acmhainneacht táirgeachta nuashuiteáilte acmhainneacht na suiteála a cuireadh ina hionad a shárú 15 %, ionas go bhféadfar acmhainneacht le haghaidh breoslaí iontaise a mhéadú a thuilleadh fiú i ndáil leis na hacmhainneachtaí iontaise a bhí i gceist roimhe sin, gan difear a dhéanamh ar bhealach ar bith d'inbhuanaitheacht na hinfheistíochta.

556 Mar sin féin, níor léirigh Poblacht na hOstaire nach bhféadfaí astaíochtaí GCT a chéimniú amach ná a laghdú de réir a chéile dá dteorannófaí an acmhainneacht táirgeachta nua-shuiteáilte go 15 % níos mó ná acmhainneacht na suiteála athsholáthraithe, in éineacht leis na critéir scagtha theicniúla eile. Dá bhrí sin, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 538 den bhreithiúnas seo, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

557 Ar an dara dul síos, measann Poblacht na hOstaire nach leor laghdú áirithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid leis an *status quo* atá ann faoi láthair chun gníomhaíocht shealadach a chumasú chun an coinníoll maidir le comhlíonadh an 'bhealaigh i dtreo' bhaint amach chuspóirí aeráide an Aontais a chomhlíonadh. Is é an tátal a bhaintear as sin nach mbaineann forálacha breise chritéir scagtha theicniúla an Rialacháin atá faoi chonspóid, a d'fhéadfadh rannchuidiú le gléasraí cumhachta nua a chruthú chun astaíochtaí a laghdú i ndáil leis na gléasraí cumhachta a dtagann siad ina n-ionad, le hábhar de réir bhrí Airteagal 10(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht.

558 Mar sin féin, ní léiríonn an argóint sin nach féidir leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gníomhaíochtaí gáis iontaise astaíochtaí GCT a chéimniú amach nó a laghdú de réir a chéile. Dá bhrí sin, ar chúiseanna atá cosúil leo siúd a leagtar amach i mír 538 den bhreithiúnas seo, ní féidir go n-éireoidh leis an argóint sin.

559 Dá réir sin, mar is léir ó mhíreanna 538, 544, 547, 549, 552, 554, 556 agus 558 thuas, ní léiríonn argóintí Phoblacht na hOstaire nach féidir deireadh a chur le hastaíochtaí GCT de réir a chéile leis na critéir scagtha theicniúla, ina n-aonar agus ina n-iomláine.

560 In aon chás, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir leis na réamh-mheastacháin arna gcur chun cinn ag Poblacht na hOstaire, iontu féin, na réamh-mheastacháin ar a bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid bunaithe a dhéanamh dochreidte.

561 Ar an tríú dul síos, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire nach ndéanann na coinníollacha a leagtar amach i bpointe 1(b)(i) de Roinn 4.30 agus Roinn 4.31 in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid ach atáirgeadh ar an sainmhíniú go dtugann Treoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh, lena leasaítear Treoir 2009/125/CE agus Treoir 2010/30/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/8/CE agus Treoir 2006/32/CE (IO 2012 L 315, lch. 1) comhghiniúint éifeachtúil teasa agus cumhachta nó téamh agus fuarú ceantair comhcheangailte an-éifeachtúil.

562 Mar sin féin, ní léiríonn an comhfhreagras líomhnaithe sin idir na critéir scagtha theicniúla agus an Treoir sin go bhfuil na critéir sin curtha ó bhail ag an neamhdhleathacht. Ina theannta sin, mar is léir ó mhíreanna 263 go 265 thuas, bhí údar maith ag an gCoimisiún brath ar aon cheanglais íosta a leagtar síos i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais.

563 Ar an gceathrú dul síos, áitíonn Poblacht na hOstaire nach bhfuil na huastairseacha teorann 100 g CO_2eq/kWh bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte de réir bhrí Airteagal 19(1)(f) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, ós rud é nach raibh siad faoi réir staidéar TEG agus nach raibh siad ag teacht salach air.

564 Mar a chuireann an Coimisiún in iúl ina fhreagraí ar na bearta eagrúcháin nós imeachta an 30 Meán Fómhair 2024, aimsíonn an tairseach 270 g CO_2eq/kWh tacaíocht san iarscríbhinn theicniúil a ghabhann le tuarascáil chríochnaitheach TEG, inar moladh luach atá gar don tairseach sin, eadhon 262 g CO_2eq/kWh, a mhéid a bhaineann le critéar DNSH.

565 Thairis sin, mar is léir óna fhreagraí ar bhearta eagrúcháin nós imeachta an 30 Meán Fómhair 2024, ba ar bhonn na tairsí 270 g CO_2eq/kWh a ríomh an Coimisiún an tairseach 550 kg CO_2 eq/kWh. Ghlac sé gléasra cumhachta gásadhainte mar shamhail le hastaíochtaí díreacha 270 g CO_2eq/kWh, arna oibriú ag 25 % d'uaireanta oibriúcháin bliantúla, dá bhrí sin 2 190 uair an chloig in aghaidh na bliana, agus mar thoradh air sin, i gcás den sórt sin, comhfhreagraíonn astaíochtaí bliantúla iomlána do 270 g CO_2eq/kWh, iolraithe faoi 2 190 uair an chloig, nó fiú 591.3 kg CO_2 eq/kWh. Rinne an Coimisiún an luach sin níos déine trína shlánú go 550 kg CO_2eq/kWh.

566 Sna himthosca sin, ní féidir an Coimisiún a cháineadh toisc nach raibh sé ag brath ar na measúnuithe eolaíocha atá ar fáil, agus mar thoradh air sin ní mór diúltú don argóint sin.

567 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, níor léirigh Poblacht na hOstaire go bhfuil an Rialachán atá faoi chonspóid curtha ó bhail ag earráid fhollasach measúnaithe a mhéid a mheas an Coimisiún, go bunúsach, go raibh na tairseacha teorann 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kWh, a úsáidtear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán atá faoi chonspóid, comhoiriúnach leis an gcuspóir 1.5 °C a leagtar síos i gComhaontú Pháras agus le fospriocanna comhfhreagracha an Aontais do 2030 agus 2050, agus go raibh na critéir scagtha theicniúla eile in ann rannchuidiú le maolú ar an athrú aeráide.

568 Dá bhrí sin, níl bunús leis an dara cuid den deichiú saincheist dlí.

– An tríú cuid den deichiú saincheist dlí, lena líomhnaítear sárú ar an gceanglas maidir le hanailís saolré

569 De réir Phoblacht na hOstaire, tá measúnú saolré infheidhme ní hamháin faoi chritéar DNSH (Airteagal 17(2) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht), ach freisin chun críocha a n-aicmithe mar ghníomhaíocht idirthréimhseach faoi Airteagal 19(1)(g) den Rialachán sin, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 10(3) den Rialachán sin, agus mar thoradh air sin ba cheart an measúnú saolré GCT a chur san áireamh.

570 Áitíonn Poblacht na hOstaire go ndéanann an dá thairseach teorann neamhaird ar an gceanglas maidir le hanailís saolré, ós rud é nach mbaineann siad go sainráite ach le 'astaíochtaí GCT díreacha ón ngníomhaíocht' agus nach mbaineann siad go sainráite, amhail an tairseach 100 g CO_2 eq/kWh, le 'astaíochtaí saolré GCT'. Cuireann sé in iúl freisin, trí astaíochtaí meatáin a fhágáil ar lár, go dtagann an Coimisiún salach ar a straitéis féin chun astaíochtaí meatáin a laghdú.

571 Is é tátal Phoblacht na hOstaire as sin go socraítear paraiméadair nach bhfuil comhoiriúnach leis an anailís saolré is gá mar thairseacha teorann agus go dtugtar neamhaird ar astaíochtaí meatáin atá suntasach agus thar a bheith díobhálach ag an am céanna, cé go ngintear iad ar fud an tslabhra soláthair, go háirithe le linn eastóscadh agus dháileadh an gháis iontaise, réamhtheachtach ó dhóchán.

572 Ina theannta sin, de réir Phoblacht na hOstaire, sáraítear leis an Rialachán atá faoi chonspóid an ceanglas maidir le measúnú saolré sa mhéid nach n-áirithítear leis na critéir scagtha theicniúla go dtáirgtear breoslaí in-athnuaite nó ísealcharbóin iad féin, a gceanglaítear a n-úsáid faoin 31 Nollaig 2035, a bhfuil tionchar ísealcharbóin acu. Go háirithe, ní chuireann na critéir scagtha theicniúla bac ar hidrigin 'ghlas' a chur in ionad dóchán hidrigine 'liath', a ngineann a táirgeadh astaíochtaí GCT suntasacha dá réir sin.

573 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ó Phoblacht na Polainne, an argóint sin a dhíospóid.

574 I ndáil leis sin, ní mór a mheabhrú go bhforáiltear le hAirteagal 17(2) agus le hAirteagal 19(1)(g) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht go gcuirfear san áireamh leis na critéir scagtha theicniúla saolré, lena n-áirítear gnéithe fíorasacha ó mheasúnuithe saolré atá ann cheana, agus tionchar na gníomhaíochta eacnamaíche féin ar an gcomhshaol agus tionchar na dtáirgí agus na seirbhísí a sholáthraíonn sí ar an gcomhshaol á gcur san áireamh, agus scrúdú á dhéanamh go háirithe ar tháirgeadh, úsáid agus deireadh ré na dtáirgí agus na seirbhísí sin.

575 Mar is léir ó mhíreanna 428 go 434 thuas, áfach, ní gá go gcumhdaítear leis an gceanglas saolré gníomhaíochta a chur san áireamh gníomhaíochtaí atá réamhtheachtach nó iartheachtach ón ngníomhaíocht eacnamaíoch lena mbaineann.

576 Dá bhrí sin, ní chiallaíonn an oibleagáid táirgeadh, úsáid agus deireadh ré na dtáirgí agus na seirbhísí sin arna soláthar ag gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise nach mór eastóscadh agus dáileadh gáis iontaise réamhtheachtach ó dhóchán a chur san áireamh, ós rud é nach dtagann na gníomhaíochtaí sin, dá réir sin, faoi raon feidhme an táirgthe leictreachais.

577 Thairis sin, mar a luaitear i mír 4 thuas, is é is aidhm don Rialachán maidir le Tacsanomaíocht córas aicmithe aontaithe a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. Dá bhrí sin, baineann an t-aicmiú nó an tacsanomaíocht sin le gníomhaíochtaí eacnamaíocha sonracha. Mar sin de, maidir le critéir scagtha theicniúla a bheith á mbunú ag an gCoimisiún chun a chinneadh cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn gníomhaíocht mar ghníomhaíocht a rannchuidíonn go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide agus nach ndéanann sí aon dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil, tagraíonn sé, ar bhonn cás ar chás, do ghníomhaíocht eacnamaíoch nithiúil.

578 Sna himthosca sin, ní léiríonn argóintí Phoblacht na hOstaire go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe trí na hastaíochtaí GCT díreacha ón ngníomhaíocht a chur san áireamh, seachas na hastaíochtaí GCT saolré.

579 Dá bhrí sin, tá an tríú cuid den deichiú saincheist dlí gan bhunús.

– An ceathrú cuid den deichiú saincheist dlí, lena líomhnaítear, go bunúsach, sárú ar thairseacha teorann 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kWh, ar an oibleagáid freagairt d'fheidhmíocht is fearr na hearnála nó an tionscail

580 Maíonn Poblacht na hOstaire go sáraíonn na tairseacha teorann 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kWh Airteagal 10(2)(a) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht toisc nach gcomhfhreagraíonn siad d'fheidhmíocht is fearr na hearnála nó an tionscail.

581 De réir Phoblacht na hOstaire, sáraítear Airteagal 10(2)(a) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht díreach toisc go socraítear leis na critéir scagtha theicniúla le haghaidh gás iontaise trí mheántairseach éagsúla teorann de 100 g agus 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2 eq/kWh mar mheán bliantúil thar 20 bliain. Cuireann sé in iúl go gcomhfhreagraíonn an tairseach 270 g d'fheidhmíocht atá faoi bhun na tairsí 100 g agus go bhfuil an tairseach 550 kg níos ísle fiú ná an dá thairseach eile.

582 Ina theannta sin, áitíonn Poblacht na hOstaire go bhfuil na tairseacha teorann a leagtar síos i bhfad os cionn na dtairseach a shroicheann fuinneamh in-athnuaite agus foinsí eile fuinnimh, go háirithe fuinneamh gaoithe agus hidreachumhacht a chomhlíonann tairseacha astaíochtaí saolré GCT faoi bhun 30 g CO_2eq/kWh.

583 Thairis sin, dearbhaíonn Poblacht na hOstaire, fiú dá gcaithfí le táirgeadh fuinnimh ó ghás iontaise mar earnáil nó mar thionscal uathrialach, nach bhfreagródh tairseacha teorann 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kWh d'fheidhmíocht is fearr na hearnála nó an tionscail. Is amhlaidh atá toisc go bhféadfadh gléasraí cumhachta gásadhainte feidhmiú i bhfad níos fearr agus an teorainn 100 g CO_2eq/kWh a bhaint amach.

584 Déanann an Coimisiún, le tacaíocht ón Ungáir agus ó Phoblacht na Polainne, an argóint sin a dhíospóid.

585 I ndáil leis sin, tá sé tábhachtach a mheabhrú, faoi Airteagal 10(2)(a) den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, go meastar go rannchuidíonn gníomhaíocht eacnamaíoch go substaintiúil le maolú ar an athrú aeráide, go háirithe i gcás ina bhfuil leibhéil astaíochtaí GCT aici a chomhfhreagraíonn d'fheidhmíocht is fearr na hearnála nó an tionscail.

586 Mar a áitíonn an Coimisiún, de réir aithris 41 den Rialachán maidir le Tacsanomaíocht, comhlíonann gníomhaíochtaí idirthréimhseacha an coinníoll sin i gcás ina ngineann siad astaíochtaí GCT atá go mór faoi bhun mheán na hearnála nó an tionscail.

587 Thairis sin, ós rud é, ar na cúiseanna a míníodh cheana i mír 535 thuas, nach féidir an tairseach 100 g CO_2eq/kWh a bhaint amach faoi láthair le haghaidh gléasraí cumhachta gásadhainte gan córasgabhála CO_2, ní féidir leis a bheith ina chaighdeán chun a chinneadh an gcomhlíonann na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann le gás iontaise an coinníoll nach mór feidhmíocht is fearr na hearnála nó an tionscail a chomhlíonadh.

588 Thairis sin, cé go bhfuil an tairseach d'earnáil ar leith níos airde ná an tairseach 100 g CO_2eq/kWh nó an tairseach a bhaineann le hearnáil eile, amhail earnáil an fhuinnimh in-athnuaite, ní chiallaíonn sé sin nach bhfuil an tairseach sin i bhfad níos ísle ná an meán don earnáil lena mbaineann. Dá bhrí sin, ní bhaineann an chomparáid a rinne Poblacht na hOstaire leis na tairseacha astaíochtaí le haghaidh fuinneamh gaoithe agus hidrileictreach le hábhar.

589 Ina theannta sin, fiú dá nglacfaí leis gur féidir a mheas nach bhfuil na tairseacha 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2eq/kWh ag freagairt do luach astaíochtaí GCT atá i bhfad níos ísle ná meán na hearnála nó an tionscail, ní mór a lua go ndéantar iad a chomhcheangal le critéir scagtha theicniúla eile, arb é is aidhm dóibh leibhéil astaíochtaí GCT na ngníomhaíochtaí gáis iontaise a laghdú de réir a chéile.

590 Sna himthosca sin, níor léirigh Poblacht na hOstaire go ndearna an Coimisiún earráid fhollasach measúnaithe agus é ag cinneadh go bhféadfadh na tairseacha 270 g CO_2eq/kWh agus 550 kg CO_2 eq/kWh, i gcomhar leis na critéir scagtha theicniúla eile, a mheas go bhfuil na gníomhaíochtaí gáis iontaise lena mbaineann in ann an fheidhmíocht is fearr a bhaint amach san earnáil nó sa tionscal.

591 Ar na cúiseanna sin, tá an ceathrú cuid den deichiú saincheist dlí gan bhunús.

– An cúigiú cuid den deichiú saincheist dlí, lena líomhnaítear bac ar roghanna malartacha ísealcharbóin

